



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2018

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Léann Clasaiceach

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótaíl i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcás an Ardleibhéil, nuair a bhíonn anailís, measúnú, trácht nó plé ag teastáil i gceisteanna, nach mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist agus nach leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Bronnfar marcanna éigin as eolas a thaispeáint nach n-úsáidtear chun an cheist a fhreagairt go díreach, ach ní bhronnfar marcanna arda as.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corrúair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Tá na critéir maidir le roinnt ceisteanna dioscúrsacha a mheas le feiceáil in Aguisín 1.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóirí ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i)

(a) Rinne Peiricléas iarracht áitiú ar na hAithnigh le dul i mbun cogaíochta in 431 R.Ch. Deir sé nár aontaigh na Spartaigh le headráin, rud ba cheart dóibh a dhéanamh, ach gur bheartaigh siad go leanúnach in aghaidh na hAithne. Deir sé nach ceist bheag a bhí in éileamh na Spartaigh chun Foraithe Meigeara a chúlghairm, ach dá ngéillfeadh na hAithnigh ar an gceist seo, go ndéanfaidís éileamh éigin eile. Tá sé rithábhachtach seasamh go láidir ionas go bhfeicfidh siad nach féidir leo bheith ag maistíneacht oraibh. Deir sé go léiríonn sé meon sclábhaíochta géilleadh d'éilimh, mór nó beag agus gur gá seasamh a thógáil. Deir sé freisin go bhfuil seasamh níos laige ag na Spartaigh, nach bhfuil mórán saibhris acu agus nach bhfuil mórán taithí acu de bheith ag troid i gcogaí, go háirithe cogaí a mhaireann píosa fada. Níl na hacmhainní acu atá ag na hAithnigh, go háirithe smacht ar an bhfarraige. Má mhaireann an cogadh píosa fada, tosóidh na Peilipínéisigh ag éirí inmíoch faoina dtalamh agus a sealúchas agus teastóidh uathu dul abhaile.

Míbhuntáiste eile is ea nach údarás aonair iad na Peilipínéisigh. Caithfidh siad aontú ar a gcinntí ar fad, rud a chuirfidh moill orthu agus a bheidh ina chúis le deighilt mar go mbeidh tosaíochtaí éagsúla acu ar fad. Ach arís, cuireann sé béim ar an easpa airgid a bheith ag cur isteach orthu i gcomparáid leis an Aithin agus beidh sé sin rithábhachtach. Ní gá dúinn inmí a bheith orainn fúthu ag lonnú san Ataic mar gheall go bhfuil ár ndaingnithe láidir agus le buntáiste ár gcabhlach, táimid in ann a gcríoch a ionsaí. Tá go leor críoch againn thar lear freisin ar féidir linn brath air i gcomhair acmhainní.

Tá níos mó ar eolas againn faoi throid talún ná mar atá ar eolas acusan faoi chogaíocht cabhlach. Ní fhoghlaimíodh siad riamh le bheith go maith i dtroideanna farraige mar go dtógann sé rófhada é a fhoghlaim. Is feirmeoirí iad, ní mairnéalaigh. Fiú dá bhfaighidís airgead ag Oilimpia agus Deilfe agus dá ndéanfaidís iarracht ceannach ónár mairnéalaigh eachtracha, bheimis fós in ann dóibh. Tá mairnéalaigh ón Aithin níos fearr ná aon mhairnéalaigh in Hellas. Arís, cuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfarraige agus insíonn sé do na hAithnigh gur cheart dóibh breathnú orthu féin amhail oileánaigh, gan inmí a bheith orthu faoi chaillteanas aon tailte san Ataic, díreach le smaoineamh faoin bhfarraige agus faoin gcathair.

Deir sé go dtosódh aon chomhartha laige réabhlóid i measc a gcomhghuaillithe a mbeidh a láidreacht ag brath orthu. Deir sé leo gan inmí a bheith orthu faoin talamh, ach faoi bheatha a bhfear, is beag nach mian leis a chur ina luí orthu a mbairr féin a scriosadh lena thaispeánt nach bhfuil aon luach leo.

Deir sé nár cheart dóibh smaoineamh fiú faoi chur lena n-impireacht. Ní theastaíonn dainséar ná naimhdí nua uathu. Cuireann sé comhairle orthu a rá leis na Spartaigh nach dtosódh siad an cogadh, ach go seasfaidh siad in aghaidh pé dream a thosaíonn é. Deir sé “This war is being forced upon us”. Deir sé go bhfuil an ghlóir is mó le fáil ón dainséar is mó. Cuireann sé i gcuimhne dóibh an chaoi ar sheas a sinsir in aghaidh na bPeirseach i seasamh níos measa agus gur bhuaigh siad lena gcríonnacht agus lena gcrógacht. Áitíonn sé ar na hAithnigh cloí lena gcaighdeán.

Réimse gnéithe ó óráid Peiricléas. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Dar le Túicídídéas, ba é an straitéis a bhí ag Peiricléas tosaíocht a thabhairt don chabhlaigh an straitéis cheart. D'aontaigh sé freisin lena bheartas gan cur leis an impireacht. Bhí drogall ar Peiricléas aon rud a dhéanamh a chuirfeadh sábháilteacht na cathrach i mbaol. Rinne a chomharbaí a mhalairt agus chuaigh siad sa tóir ar a leasanna polaitiúla féin agus bhí an chathair thíos leis. Chuaigh an tSluaíocht chun na Sicile in aghaidh a chomhairle. Tar éis Peiricléas, thosaigh uaillmhianta agus brabach príobháideach ag scríosadh an stáit cé nár lorg sé féin cumhacht dá bhrabach féin riamh. Ina dhiaidh, bhí trioblóid sheasta i measc na bpríomhpholaiteoirí. Bhí éirim, macántacht agus meas aige ar shaoirse na ndaoine. Bhí sé in ann an fhírinne a insint do na hAithnigh agus ní raibh faitíos air iad a cháineadh. D'fhéadfaí a mhaíomh nach dtarlódh Coup na nOlagarcach faoi Pheiricléas. Murab ionann le ceannairí níos déanaí, ní dhearna sé iarracht plámás a dhéanamh leo ionas go dtaitneodh sé leo.

Marc don dealramh. (15)

(15 mharc)

(ii)

(a) Ba mhian leis na saighdiúirí leanúint ar aghaidh thar Phulas, ach b'éigean dóibh dul i dtír ann faoi cheannas Dhéamastainéas mar gheall ar stoirm. Cé gur cuireadh in aghaidh Dhéamastainéas, chuir sé ina luí ar na fir gurbh fhiú dóibh an áit a dhaingniú, mar go raibh siad suite ar bharr aird 45 míle ó Sparta, áit a raibh cuan maith nádúrtha agus go leor cloiche agus adhmaid in aice láimhe. Chuaigh an aimsir in olcas agus tháinig leadrán ar na fir agus shocraigh siad ar an áit a dhaingniú. Ní raibh uirlisí ar bith acu, mar sin d'iompair siad na clocha de láimh, obair a thóg sé lá orthu a chríochnú. Ba mhaith an áit é le tógáil ann agus an chosaint nádúrtha a bhí ann. Bhí féile ar siúl ag na Spartaigh, mar sin níor chuala siad trácht ar na daingnithe in am agus níor ghlac siad go dáiríre leo. D'fhág na hAithnigh Déamastainéas agus cúig long ann mar gharastún. Sfaictéiria – b'oileán é os comhair bhéal chuan Phulas a bhí thart ar mhíle go leith ar fad. Bhí an dá bhealach isteach sa chuan amach ó dhá cheann an oileáin agus bheartaigh na Spartaigh iad sin a bhlocáil. Chuir siad roinnt hoiplíteach ar an oileán a roghnaíodh i gcrannchur; 420 fear san iomlán in éineacht lena gcuid héalótaí agus iad uile faoi cheannas Epitadas. Idir an dá linn, tharraing Déamastainéas na trírímí i dtír, thóg sé sonnach mórthimpeall orthu agus thug sé drochsciatha sailí dá shaighdiúirí. Tháinig 40 hoiplíteach as Messenia ina chuideachta agus shuigh sé an fórsa os comhair na talún amach. Chuaigh sé féin agus an 40 hoiplíteach síos chuig an bhfarraige chun cosc a chur ar na Spartaigh teacht i dtír. Thug sé óráid spreagúil dá fhir, á thathant orthu gan eagla a bheith orthu roimh na naimhde a bhí níos líonmhaire ná iad féin. Cuireadh tús leis an ionsaí faoi cheannas Thrasymelidas. Ach ba é Brasadas an ginearál a bhí ar fheabhas a d'áitigh ar a chuid fear chun a longa a thabhairt i dtír. Nuair a bhí sé seo déanta, ionsaíodh na longa agus sa streachailt, thit sciath Brasadas isteach san uisce. Níos déanaí, gabhadh é agus d'úsáid an Aithin mar thrófaí í. B'ait leis na hAithnigh a bheith ag troid ar an talamh agus leis na Spartaigh a bheith ag troid ar an bhfarraige. Ar an tríú lá, thosaigh na Spartaigh ag bailiú adhmaid chun innill léigir a dhéanamh. Tháinig 50 long de chuid loingeas na hAithne aduaidh as Zacynthus. Lá arna mhárach, sheol siad an dá bhealach isteach sa chuan chun ionsaí a dhéanamh. Rinne siad damáiste mór do loingeas Sparta, a theith agus a thréig na fir ar Sfaictéiria. Bhí sé ina chior thuathail; faoi dheireadh, rinne na Spartaigh

iarracht sos cogaidh a chomhaontú leis an Aithin le go bhféadfaidís na fir a tharrtháil ón oileán. Thug na Spartaigh 60 long ar láimh do na hAithnigh, a d'aontaigh soláthairtí a chur chuig na fir ar an oileán. Rinne na Spartaigh iarracht a chur ina luí ar an Aithin comhaontú síochána a dhéanamh ach níorbh shin é a theastaigh ó Chléón, a d'áitigh go láidir go mbeadh sé de bhuntáiste acu leas a bhaint as na fir ar an oileán. Bhris an cogadh amach arís agus rinne na hAithnigh patrólú ar an oileán. Ba dheacair do na hAithnigh é toisc go raibh siad ar ghannchuid uisce. Idir an dá linn, dúradh leis na héalótaí go gcúiteofaí go maith leo é dá dtabharfaidís soláthairtí faoi rún chuig na Spartaigh a bhí faoi léigear ar an oileán. Thosaigh na hAithnigh ag déanamh imní go mb'fhéidir go mbeadh orthu éirí as an léigear.

Tarraingíodh míghnaoi gach aon duine ar Chléón. Thall ar Sfaictéiria, bhí tine ann a d'fhág formhór an oileáin gan choillte. Bhí Déamastainéas níos dóchasaí go bhféadfadh sé an t-oileán a ghabháil dá bharr. Tháinig Cléón ina chuideachta, mar ní ligfeadh an náire dó gan dul i gceannas na sluaíochta. Thug siad deis do na Spartaigh géilleadh, a dhiúltaigh dóibh, agus rinne siad ionradh ar an oileán roimh éirí na gréine (thart ar ocht gcéad fear ag teacht isteach ó dhá cheann an oileáin). Ghabh siad an chéad phost garda ina raibh tuairim is tríocha fear agus chuaigh siad i dtreo lár an oileáin, mar a raibh daingniú á choimeád ag an gcuid eile acu. Ag breacadh an lae, tháinig an seachtó long eile i dtír agus ghabh na fir seilbh ar an talamh ab airde ar gach taobh. Bhí airm ag a lán acu a bhí ceaptha le haghaidh troid fadraoin. Rinne na Spartaigh iarracht dul i ngleic leis an namhaid i gcóngar ach cuireadh ar gcúl iad arís agus arís eile. Dá mhéad an brú a bhí ar an mbeirt Spartach, is ea ba lú an eagla a bhí ar na hAithnigh rompu. Thit na Spartaigh siar chuig bun an oileáin mar a raibh na daingnithe agus rinne siad iarracht iad a chosaint. Bhí Ceannasaí mhuintir Messania ar an eolas faoi chonair chrochta rúnda agus chuaigh sé féin agus roinnt fear á leanúint nó go raibh siad os cionn na háite a raibh na Spartaigh, cosúil lena tharla ag Tearmápalae. Bhí na hAithnigh níos líonmhaire ná na Spartaigh agus móorthimpeall orthu; bhí an tuar nite. Faoi cheannas Styphon, ghéill siad, gabhadh dhá chéad nócha dó fear acu mar phríosúnaigh agus tugadh siar go dtí an Aithin iad.

Cuntas comhleanúnach ina bhfuil dhá eachtra. (10, 10, 10, 10.)

(40 marc)

(b) Bhí iontas ar na Heilléanaigh uile go bhfuarthas an lámh in uachtar ar na Spartaigh agus, thar aon rud eile, gur ghéill siad a gcuid arm. Níor tharla a leithéid riamh roimhe. Bhí sé de bhuntáiste ag na hAithnigh go raibh príosúnaigh acu, rud a chuir cosc ar na Spartaigh ionsaí a dhéanamh ar an Ataic, agus bhí Pulas agus an ceantar máguaird daingnithe go maith freisin agus i seilbh mhuintir Messania. Uaidh sin, rinne muintir Messania creacha istigh sa Laconia, rud a chorraigh na Spartaigh go mór agus ba bhuille mór dá meanma a bhí ann. Ba fhada leis na Spartaigh go bhfaighidís a bpríosúnaigh ar ais agus dá bharr seo bhí siad sásta dul i mbun idirbheartaíochtaí agus bhí Síocháin Nicias dá bharr.

Dhá phointe míniúcháin. (5, 5.)

(10 marc)

(iii)

(a) Dúirt Alcaibiaidéas go raibh sé ag súil go n-éireodh leis an tsluaíocht an tSicil agus Carthage a chloí agus go dtabharfadh sé saibhreas agus onóir iontach chuige. Chuir sé i gcuimhne do na hAithnigh an onóir a thug sé chuig an gcathair ag na Cluichí Oilimpeacha, ag iontráil seacht gcarbad (níos mó ná aon duine eile riamh) agus ag teacht sa 1ú, 2ú agus 4ú háit. Dúirt sé gur chuir an cineál seo ruda (e.g. iontas a chóir etc.) éad ar dhaoine eile. Ba chuma leis a chuid airgid féin a chaitheamh chun glóire a thabhairt don chathair. Dúirt sé go mbíodh daoine eile in éad le daoine cosúil leis i gcónaí. Deir sé go bhfuil a fhios aige go bhfuil stíl mhaireachtála thaibhseach aige ach go bhfuil sé iontach ag láimhseáil gnóthaí poiblí. Cuireann sé a chuntas teiste leis na Spartaigh in Mantinea i gcuimhne dóibh. Diúltaíonn sé go mbeidh daonra na Sicile éasca le cloí, ná go bhfuil siad mí-eagraithe agus éagsúil gan mórán hoiplíteach ná trealamh agus gan aon dílseacht dá n-áit. Déanfaidh gach cathair socruithe ar leith linn nuair a thagaimid. Tá go leor naimhde ag muintir Shioracús cheana a thiocfadh in éindí linn gus ní gá dúinn imní a bheith orainn faoin seasamh sa bhaile. Chuaigh ár sinsir ar aghaidh chun na Peirsigh a bhualadh agus ní raibh imní orainn faoi sin. Níl aon dóchas ag na Spartaigh inár n-aghaidh anois. Tá sé de dhualgas orainn cabhrú le muintir Egestaeon, buaiteoir gach impireacht trí chuidiú leo siúd a iarrann cúnamh. Ní bhainfear aon rud amach trí bheith éighníomhach. Níl sé cosúil le bainistí, níor oibríomar amach cé mhéad impireacht go díreach a theastaíonn uainn. Caithfidimid concais nua a phleanáil, nó beimid níos laige agus ionsóidh daoine eile muid. Má théimid chuig an tSicil beidh lagmhisneach ar ár naimhde agus beidh ár slándáil cinntithe mar gheall go bhfuil ár gcabhlach níos fearr. Thóg ár sinsir an chathair seo, ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh í a ardú a thuilleadh. Déan dearmad ar idirdhealuithe idir sean agus óg. Caithfidimid feidhmiú le chéile agus leanúint ag bogadh nó dul ar gcúl. Nílimid ag iarraidh a bheith díomhaoín.

Réimse gnéithe óna óráid ag teastáil

(7, 7, 6.)

(20 marc)

(b) Roimh an tSluaíocht chun na Sicile, níor theastaigh ó Nicias a bheith roghnaithe cheana féin le bheith i gceannas air. Cheap sé gur botún mór a bhí sa tsluaíocht ar fad agus go mbeadh gabháil na Sicile ina thasc ollmhór. D'áitigh sé nár bhain an cogadh leo agus go raibh siad á dtarraingt isteach i gcoimhlint a bhí ró-bhaolach. Dhearbhaigh sé do na hAithnigh nach raibh a shábháilteacht féin ag cur as dó in aon chor, ach go raibh baol rómhór ann do ghnóthachain amhrasacha. Deir sé go mbeadh an iomarca naimhde cumhachtacha fágtha taobh thiar dá ngabhfaí chun na Sicile. Déanfaidh tú naimhdí nua ansin. D'fhéadfaí muid a ionsaí sa bhaile agus bheadh go leor dár neart sa tSicil. Ná cuir an iomarca muiníne sa chomhaontas síochána, tá sé an-leochaileach agus d'fhéadfaí é a bhriseadh go héasca. Go deimhin, d'fhéadfadh cathú a bheith ar an namhaid muid a ionsaí nuair a bhíonn ár bhfórsaí roinnte. Slánóimis an impireacht atá againn seachas dul sa tóir ar choncais nua. Fiú dá gcloífimis an tSicil, tá sé rófhada ó bhaile le rialú go héasca. Ní smachtóimis go brách iad. Is é an bealach is fearr chun meas agus faitíos a bheith ar an tSicil fanacht glan uirthi mar nach bhfuil aon bhagairt san oileán dúinn. Tá deis ar bith ó na Spartaigh anois chun díoltas a fháil orainn. Is iad sin ár dtosaíocht, ní muintir Egestaeon a

bhfuil ár gcúnamh á lorg acu. Ní labhraíonn siad ár dteanga fiú. Anois atá muid ag fáil faoiseamh ón gcogadh agus ón bplá. Ba cheart dúinn aire a thabhairt dúinn féin ina áit. Cháin sé Alcaibiaidéas go láidir agus deir sé go hoscailte go raibh sé leithleach, ró-óg dá phost agus chuir sé ina leith go raibh sé ag maíomh as a chapail bhreátha agus ag caitheamh saol an-chostasach. Thug sé rabhadh don Aithin go gcuirfeadh Alcaibiaidéas an stát i mbaol “chun saol iontach dá chuid féin a bheith aige”. Ghlaigh sé “young man in a hurry” air. Áitíonn sé ar na fir níos sine gan vótáil ar son na sluaíochta díreach le nach gceapfaí gur cladhairí iad. Áitíonn sé orthu gan tabhairt isteach do phaisean gan dóchas ar rudaí nach bhfuil ann. Deir sé go bhfuil na cathracha mór agus láidir, le líon mór triréimí agus saighdiúirí. Tá airgead acu. Tá capaill acu agus fásann siad a n-arbhar féin. Deir sé go mbeidh na hAithnigh i bhfad ó bhaile.

Réimse gnéithe óna óráid ag teastáil

(7, 7, 6.)

(20 marc)

(c) Bhí áititheacht Alcaibiaidéas ina phríomhthois. Bhí sé iontach ag tabhairt óráidí poiblí agus thaitin sé leis an slua. Is cosúil go raibh sé in ann a chur ina luí ar aon duine rud ar bith a dhéanamh. Níl ort ach féachaint ar a shlí bheatha chun tuiscint a fháil ar chomh mór is a chuaigh sé i gcion ar dhaoine mar urlabhraí. D’fhéadfaí a mhaíomh freisin gur shásaigh a chuid argóintí mórchúis na nAithneach, glóire a staire agus an tuairim atá acu orthu féin mar mháistrí nádúrtha ar dhaoine eile. Is dóigh go raibh sé éifeachtach freisin a mbua iontach i gcoinne na bPeirseach a chur i gcuimhne dóibh.

Pointe forbartha amháin. (10)

(10 marc)

(iv)

D’fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú le Diníseas. Más mian leo aontú, d’fhéadfaidís a áitiú, thar aon ní eile, go léiríonn na hóráidí neasacht éigin agus tugtar tuairim faoin gcineál saoil a bhí ag daoine a mhair ansin. Tá braistint an-drámata ag baint leo agus cruthaíonn siad teannas sna píosaí ba bhreátha den Chogadh. Is minic a thugann na hóráidí beocht d’uaimhianta, faitíos agus coimhlintí na gcarachtar. Faigheann tú cur amach ar na pearsantachtaí a bhí i gceist agus cad a spreag iad. Is bealach iontach é chun míniú a thabhairt ar na buntáistí agus na míbhuntáistí i ndíospóireacht. Cruthaítear beocht sa radharc iomlán ar bhealach nárbh fhéidir a dhéanamh díreach trí chur síos a dhéanamh ar cad a tharla. I measc na ndea-shamplaí tá na hóráidí a thug Peiricléas (roimh an gcogadh agus óráid na sochraide); Brasadas sula ndeachaigh sé chun catha; Díospóireacht mhuintir Mhítiléiné agus Agallamh Mhéileas; an díospóireacht roimh an tSluaíocht chun na Sicile. Más mian le duine de na hiarrthóirí easaontú leis, d’fhéadfaidís an pointe a dhéanamh, mar staraí nua-aimseartha, nach ionann an modh seo a bhaineann le focail a chur i mbéal na gcarachtar agus scríbhneoireacht staire i ndáiríre. Tá sé níos cosúla le dráma agus is cinnte gur tugadh go leor buillí faoi thuairim ann agus gur baineadh go leor úsáide as an tsamhlaíocht. Tá go leor de na hóráidí an-fhada agus mionsonraithe agus is beag seans go

bhfuil siad beacht. De réir caighdeáin nua-aimseartha na staire, is dóigh nach gcáilíonn na hóráidí mar stair in aon chor.

Ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfaí a rá nach raibh aon sainmhíniú cruinn ar an stair nuair a bhí Túicídídéas ag scríobh, is ealaín seachas eolaíocht is mó a bhí i gceist agus bhí líne níos dofheicthe idir fíric agus tuairimíocht. Bhí fáil aige ar roinnt cuntas ó fhinnéithe súl a chonaic na heachtraí a ndéanann sé cur síos orthu agus mar sin d'fhéadfaí a rá go bhféadfadh roinnt dá chuid scríbhneoireachta óráide a bheith sách cruinn, ach admhaíonn sé gur úsáid sé na focail a cheap sé a d'úsáidfí nuair nach raibh sé cinnte. Is cinnte nach teicníc é sin a bhféadfadh staraí nua-aimseartha a bheith sásta leis, ach ag glacadh leis an ré inar mhair sé, is cinnte go bhfuil sé breá bríomhar le léamh. Tá ceachtar taobh den argóint bailí chomh fada is go bhfuil tacaíocht mhaith acu trí thagairt do na hóráidí sa téacs.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

Topaic 2. Alastar Mór.

(i)

(a) An chaoi a bhfuair Alastar an ceann is fearr ar Dháirias ag Cath Iosas in 333 R.Ch.:
Chaithfeadh iarrthóirí plé a dhéanamh ar Dháirias agus Alastar a bheith ag dul thar bráid a chéile ar thaobh eile an raoin sléibhe agus ar an gcaoi ar fhág sin Alastar ag féachaint i leith a chúil. Tá sé ríthábhachtach freisin go raibh Dáirias mífhoighneach agus nár éist sé le comhairle a leasa, ag ligean d'Alastar láthair chatha a roghnú a bhí timpeallaithe beagán ag an bhfarraige agus na bunchnoic. Ar dtús, rinne na fir fonóid faoi na Peirsigh as sonnach adhmaid a thógáil agus thug Alastar óráid spleodrach uaidh agus ina dhiaidh sin chuaigh siad chun tosaigh go mall. Ba é an baol ba mhó dósan an fhéidearthacht go scoithfí a chliathán. Chuir Dáirias 20,000 fear le taobh an chliatháin dheis agus laistiar de, mar sin sheol Alastar trúpaí le tacú le Páirméiniún. Tar éis dó laige áirithe a fheiceáil ar a dheis, bhog Alastar dhá scuadrún Complachta ón lár agus threisigh sé an limistéar le saighdiúirí tuarastail Agriane agus Gréagacha. Bhain Alastar úsáid as a mharcra chun cliathán deas na namhad a ruaigeadh agus chuir sé ag luascadh isteach ina dhiaidh sin iad chun ionsaí a dhéanamh ar an lár. Ag an nóiméad deireanach, bhog sé aonad Teasálach óna chliathán deas go dtí Páirméiniún ar chlé. Chuir sé roinnt dá chliathán deas ag na bunchnoic chun dul i ngleic leis na tulfheadhna Peirseacha ar dtús. D'éirigh go geal leis na Compánaigh ar an gcliathán deas, mar a raibh siad faoi stiúir Alastair, ach bhí deacrachtaí ag an bhfalang Macadónach a bhí ag troid sa lár le saighdiúirí tuarastail Gréagacha. Chas an cliathán deas ar a sáil agus tharrtháil siad an lár in am an ghátair. Bhí Páirméiniún ag streachailt ar an gcliathán clé, ach a luaithe agus a thuig na Peirsigh gur theith Dáirias, ruaigeadh ar fad iad.

Cuntas comhleanúnach. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Maidir le hiompar Alastair tar éis an chatha d'fhéadfadh iarrthóirí na nithe seo a leanas a áireamh: tagairt dá leanúint diongbháilte agus fuinniúil ar Dháirias; cé go raibh sé gortaithe é féin, thug Alastair cuairt ar na daoine a bhí tinn agus gortaithe agus thug sé sochraidí iontacha do na marbháin agus luach saothair dóibh siúd a tharraing clú orthu féin sa chath, chun a dhílseacht agus a fhlaithiúlacht dóibh agus a bhuíochas ar a n-iarrachtaí a thaispeáint; an preab a bhain breáthacht an phubail Pheirsigh as; an díomas agus an muinín a bhí sa fhreagra a thug sé ar litir Dháirias.

Marc don dealramh. (15)

(15 mharc)

(ii)

(a) D'áireofaí na trí phríomhghné seo a leanas sa tsraith eachtraí roimh bhás Callastainéas: A phearsantacht agus an chaoi ar bhreathnaigh piaraí ar Challastainéas, gar-
nia le hArastatal agus staraí oifigiúil Alastair; A óráidí ag féastaí agus freagairt Alastair;
Comhcheilg na nGiollaí. Tá an oiread sonraí sna cuntais seo nach bhfuil ag teastáil ach cur
síos comhsheasmhach ar na trí ghné thuasluaite.

I dtosach, mar gheall go raibh Callastainéas ag tarraingt droch-chlú air féin leis an ngrúpa
freasúra ar son na bPeirseach sa chúirt ach go raibh an-tóir air i measc an ghrúpa
Macadónach óg reibiliúnach. Fuair sé cairde i measc na n-ógánach mar gheall ar a
dheaslabharthacht agus thaitin a stíl mhaireachtála neamhspleách leis an nglúin níos sine.
Ach bhí Callastainéas deoranta go minic ó chomhluadar agus bhí sé níos postúla ina chuid
iompair, rud a scar amach é ó dhaoine eile. Ar an dara dul síos, a fhreagairt ar iarracht
Alastair chun proskynesis/sléachtadh a thabhairt isteach i measc na nGréagach ina chúirt.
Bhí formhór na scéalta scannalacha ag Plutarch ar ndóigh, lena n-áirítear gur iarradh air
óráid a dhéanamh ag moladh na Macadónach ag cóisir, rud a rinne sé, ach nuair a d'iarr
Alastair air iad a cháineadh, rinne sé é sin freisin agus chruthaigh sé go leor naimhde dó féin.
Scéal na troda móire idir beirt fhear lena bhain iarracht chun nós proskynesis/sléachtadh na
bPeirseach a thabhairt isteach, rud nár thaitin in aon chor leis na Gréagaigh. Nuair a tugadh
aníos an proskynesis/sléachtadh ag féasta ar bhealach pleanáilte, labhair Callastainéas ina
aghaidh ag rá nach raibh sé ceart onóir a thabhairt d'fhear mar nár cheart ach onóir a
thabhairt do dhia. Deir sé nár cheart ach umhlú do dhéithe. Deir sé nach mbeadh Alastair ag
iarradh go mbeadh gnáthfhear ag fáil onóir mar rí, mar sin cén fáth go mbeadh na déithe
sásta go dtabharfaí onóir d'fhear mar dhia. Chuir an t-éileamh a rinne Callastainéas go
mbraithfeadh gaisce Alastair ar (scríbhneoireacht Callastainéas) olc ar Alastair freisin. Scéal
eile a insíonn Arrian is ea an ceann faoin gcupán óir fíona á chur timpeall, agus daoine ag
umhlú d'Alastair agus ag fáil póg uaidh. Dhiúltaigh Callastainéas umhlú agus dhiúltaigh
Alastair póg a thabhairt dó. Deir Callastainéas go rachadh sé "one kiss the poorer." Bhí
eachtra inar thuar an giolla Hermolaus Alastair ag marú toirc i seilg agus an pionós dian ina
dhiaidh sin a ghearr Alastair ar an bhfear óg mar spreagadh don chomhcheilg ar shaol
Alastair. Nuair a nochtadh an chomhcheilg, cuireadh an milleán ar Callastainéas tar éis
Hermolaus a cheistiú. Tuairiscítear nuair a d'fhiafraigh Hermolaus dá theagascóir
Callastainéas cén chaoi go bhféadfadh sé bheith ar an bhfear is cáiliúla is é atá ráite go
ndúirt an staraí: "kill the most famous of men". Maíonn Plutarch nár cháin na Giollaí
Callastainéas, fiú agus iad á gcéasadh. Chuir míchlú a scaip namhaid Callastainéas ina luí ar

Alastar faoi chiontacht a staraí. Ar deireadh, rud nach bhfuil go hiomlán soiléir, cuireadh Callastainéas chun báis láithreach nó tugadh thart i slabhraí é nó gur cailleadh é. Pé acu a tharla, cuireadh deireadh lena thionchar ar an gcúirt.

Cuntas comhleanúnach. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) D'fhéadfadh iarrthóirí an neamh-chomhsheasmhacht in iompar Alastair a lua: Thug sé cuireadh do Challastainéas a lochtanna a chur in iúl do na Macadónaigh ach ansin bhí olc air mar gheall ar an méid a dúirt an cainteoir. Tá iompar sleamhain Alastair le feiceáil freisin nuair a léimid faoin gcaoi ar socraíodh sléachtadh ag cóisir i gcúirt an rí a thabhairt aníos. Tá iompar díoltasach Alastair le feiceáil síos trí na himeachtaí agus léirítear cruálacht na Macadónach sa chinniúint uafásach a d'fhulaing Callastainéas. D'fhéadfaí tagairt éigin a dhéanamh de go raibh Alastar ag déileáil le fear tionchair místuama agus neamhbhalbh ar mhothaigh sé gur chóir é a chiúnú.

Marc don dealramh

(15 mharc)

(iii)

(a) Bhí tearmann glactha acu ar fad sa bhaile. Thiomáin na Macadónaigh ansin iad thar Abhainn Hydraotes agus bhí siad anois mórthimpeall ar an mbaile. Nuair a thosaigh an t-ionsaí, tharraing na hIndiaigh siar chuig lár an bhaile agus trí gheata a shracadh leis, lean Alastar agus a chuid fear iad i bhfad chun tosaigh ar thrúpaí Perdiccas. Bhí briseadh sa chumarsáid anseo, ag féachaint ar na ballaí seachtracha, cheap na fir eile go raibh an baile tógtha cheana agus bhí siad mall, ní raibh dréimírí acu agus ní raibh a fhios acu go raibh daingean inmheánach ag an namhaid go fóill. Bhí Alastar mífhoighneach le chomh mall is a bhí siad agus bheir sé ar dhréimire, á chur in aghaidh an bhalla. Shuigh sé faoina sciath agus dhreap sé, agus Peucestas ina dhiaidh le sciath bheannaithe ó an Traí agus Leonnatus agus Abreas in éindí leis. Ag barr an bhalla, tar éis na cosantóirí a throid, léim sé síos isteach sa chuid istigh den bhaile agus bhí a chuid fear scanraithe. Bhí ruathar mór ann agus lena linn briseadh dréimírí agus fágadh leis féin é in aghaidh na naimhde. "His legendary courage, no less than is shining armour proclaimed him". Dar le Arrian gur fearr leis baol an bháis agus bás glórmhar a bheith aige agus "to think was to act". Taobh istigh, throid sé in aghaidh na Mallach, a raibh faitíos orthu roimhe, agus a chaith diúracáin leis. Bhuaile saighead sa chliabhrach é agus tháinig meascán d'fhuil agus aer amach. Throid sé tamall eile ach ansin thit sé i laige agus chosain Peucestas agus Leonnatus é sular tugadh chun siúil é. Faoin tráth seo, bhí Abreas marbh agus bhí na Macadónaigh trína chéile, ag iarraidh aon bhealach féideartha a fháil chun an balla a dhreapadh agus iad féin a chaitheamh anuas chun é a shábháil.

Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10,)

(30 marc)

(b) Insíonn an eachtra agus ar tharla ina diaidh dúinn faoin gcaidreamh idir Alastar agus a chuid fear. Nuair a thosaigh an sléacht, ní bhfuair aon duine trócaire mar go raibh na fir chomh feargach go raibh Alastar gortaithe chomh dona. Ar ais sa champa, cheap na fir go raibh sé básaithe agus bhí éadóchas orthu. “Every difficulty seemed hopelessly insoluble without Alexander...” insíonn sé seo dúinn gur bhraith siad go fóill ar a cheannaireacht agus go raibh a ndóchas ar fad fós ag brath air. Nuair a chuala sé é sin, fuair Alastar daoine chun é a thabhairt chuig an abhainn agus taispeánadh dá chuid fear é, fiú cuireadh ar chapall é agus bhí faoiseamh agus áthas ar na fir. Radharc álainn é seo ina gcrochann Alastar é féin suas ar a chapall chun suaimehneas a thabhairt dá chuid fear agus bhí a bhfreagairt iontach. Bhí clampar mór bualadh bos ann, beannachtaí á nglaoch amach, agus caitheadh bláthfhleasca. Chaoi go leor. In ainneoin a ndifríochtaí, bhí na fir fós dílis dó. Ach rinne roinnt dá chompánaigh gearán leis faoi chomh tobann is atá sé. Bhí olc ar Alastar le roinnt dá chairde a cháin chomh místuama is a bhí sé ag glacadh riosca nár cheart do cheannasaí ar bith a ghlacadh. Ach bhí a phaisean don ghlóire chomh mór sin nach bhféadfadh sé gan dul i mbun catha. Gháir saighdiúir amháin dó agus dúirt sé leis “action is a man’s job my lord”. Mar sin bhí a chaidreamh lena chuid fear fós an-chumhachtach agus mhair sé.

Trí phointe. (Ar a laghad ceann i rith léigir) (7, 7, 6.)

(20 marc)

(iv)

Is í an cheist anseo an áibhéil faoi cibé ar “reign of terror” a bhí anseo nó nach ea. D’fhéadfadh iarrthóirí aontú nó easaontú le ráiteas Cartledge a fhad agus a chuireann siad dóthain faisnéise ar fáil ón téacs mar thacaíocht lena dtuairim ionas go mbeidh sé áititheach. Ar ndóigh d’fhéadfaí aontú i bpáirt leis an dearcadh seo freisin. Seo a leanas roinnt den phríomhfhianaise don dá thaobh:

Má aontaíonn siad: Bású Bessus; tá bás Cléiteas, Fiolótas, Phairméinión agus Challastainéas ábhartha. Óráid Hermolaus nuair a bhí sé á chur chun báis. An fonn a bhí ar Alastar maidir le proskynesis/sléachtadh; an cruatan a bhrúigh sé ar a chuid fear trí roghnú Fásach na Geadróisia a thrasnú; marú threabh Cossaea agus dochtúir Hephaestion tar éis a bháis; pionós mhac Abulites; an chaoi ar caitheadh le Cassander.

Má easaontaíonn siad: An t-aiféala faoin gcaoi ar chaith sé le Cléiteas; ar an mbealach chun na hIndia, scrios sé go leor d’earraí agus vaigíní na Macadónach, lena n-áirítear a cheann féin, chun an t-ualach a bhaint agus iad ag taisteal; an chaoi ar chaith sé le Póras tar éis Cath Hiodaispéas; an bealach ciallmhar ar ghéill sé dá chuid fear ag Hyphasis; a oscailteacht i dtaobh smaointe Fhealsúna na hIndia; an neart agus crógacht iontach a bhí aige i bhFásach na Geadróisia (an clogad uisce; chomh sásta is a bhí sé dearmad a dhéanamh ar mhíghníomhartha a chuid fear); a fhlaithiúlacht as fiacha a chuid fear a íoc; chomh sásta is a bhí sé dearmad a dhéanamh ar an gceannairc ag Opis nuair a réitigh sé leis na Macadónaigh.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) Catullus – file le giúmair dhiana. Gach seans go n-aontóidh iarrthóirí leis an ráiteas seo. I dtéarmaí grá, chruthaigh Catullus go bhfuil mothúcháin an-láidir ar fad aige; nuair a thugann sé grá, is le hiomlán a chroí é mar is léir ó na dánta Lesbiana. Tá tionchar mór ag a chuid mothúchán air; is é an t-iomlán atá uaidh nó ní bheidh dada aige. Seo a leanas na dánta ábhartha: *The Same, Love and Harsh Words, The Effects of Love, Happiness, Love and Hatred, A Prayer*. Téann sé ón ngliondar atá air ar dtús nuair a thiteann sé i ngrá go dtí an t-amhras agus an éiginnteacht atá air. Léiríonn sé go háirithe a chumas a bheith i ngrá agus olc a bheith air ag an am céanna. Ní túisce sásta nó míshásta é agus athraíonn a ghiúmar ar nós na gaoithe. Is minic a chuireann sé síos ar an ngrá mar chineál galair nó rud is féidir a bheith gafa leis. Ba cheart go mbeadh a ndóthain eolais ag na scoláirí ar na dánta sin chun réimse leathan giúmar Catullus ina chuid dánta, idir dhuirceas agus ríméad, a léiriú. Mar chara, tá sé dílis agus mothaíonn sé naisc an chairdis go tréan. Is léir sna saothair *Consolation, The Same* agus *At A Brother's Grave* go bhfuil sé comhbhách. Is léir in *To Cicero* gur fear é atá fial agus umhal i gcroí. Tá an dán a scríobh sé dá dheartháir marbh thar a bheith corraitheach agus mothúcháinach agus léirítear an dlúthchaidreamh a bhí aige leis ann. Is léir go bhfuil an-bhrón air mar gheall ar bhás a dheartháir agus tá bá aige le daoine eile atá sa bhád céanna leis.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(ii)

Ceann de na tréithe ba shuntasáí a bhain le Caesar ná a shásta a bhíodh sé dul i bpriacal. Gach seans go n-aontóidh iarrthóirí leis an ráiteas seo. Tá go leor samplaí óna ghairm a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis an smaoineamh seo. Ba cheart go dtabharfadh scoláirí réimse maith samplaí ón téacs lena n-argóint a láidir. D'fhéadfaí a áireamh ar chuid díobh seo: gur dhiúltaigh sé colscaradh a fháil óna chéad bhean nuair a d'ordaigh Sulla dó sin a dhéanamh; a óráidí dána leis na píoráidí amach ó chósta Bhitín; a sheasamh ar son Pontifex Maximus nuair a tugadh rabhadh dó gan sin a dhéanamh; a charnadh meargánta fiacha d'fhonn tacaíocht a cheannach; a óráid ag tacú le Caitilíne tar éis a chomhcheilg a fháil amach; a chrógacht mhíleata in aghaidh na nGallach agus treibheanna eile; a shluaíocht chun na Breataine; a chrógacht phearsanta ag troid; nuair a thrasnaigh sé Droichead na nAlt chun Poimpéas a ionsaí sa Róimh ("Let the die be cast."); a thuras trasna na Gréige i ndiaidh Poimpéas (an méid a dúirt sé leis an gcaptaen: "fortune favours the brave"); a dhiongbháilteacht tar éis Dyrrachium in ainneoin an chaillteanais; an muinín a bhí aige as Brútas agus ceannasaithe naimhde eile; a chuairt ar an Seanad d'ainneoin rabhadh ar Íodh Márta; a ráiteas gur fearr leis bás a fháil uair amháin seachas faitíos a bheith air roimh an mbás i gcónaí. Seo roinnt de na samplaí ba shoiléire a d'fhéadfaí a úsáid.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iii)

(a) Deir Sulpicius Rufus le Cicearó nach bhfuil i mbás Tullia ach “drop added to our cup of woe”. Deir sé go mb’fhéidir go raibh an t-ádh léi bás a fháil i dtréimhse thubaisteach don Róimh (deachtóireacht Chaesair) nuair a chaill fir cosúil le Cicearó agus Sulpicius an oiread. Smaoiníonn sé faoin méid a bhí roimh Tullia nó aon leanaí a bheadh aici? B’fhéidir nach raibh aon rud maith i ndán di sa todhchaí. Molann sé do Cicearó breathnú ar chinniúint na gcathracha móra cosúil leis an gCoraint, ag luí faoi dhusta agus fothracha. Cén fáth go mbeadh daonnaithe cosúil linn ag súil le maireachtáil níos faide nó a bheith croí bhriste nuair a fhaigheann duine muinteartha bás? Deir sé leis gan smaoineamh ar na Rómhánaigh ar fad a bhásaigh sna cogáí le déanaí. Iarrann sé ar Cicearó sólás a thabhairt dó féin le smaointe faoi na rudaí a thaitin léi sa saol. Cáineann sé é le “remember who you are” agus cuireann sé i gcuimhne dó go laghdaíonn an brón le himeacht ama. Ar deireadh, deir sé leis nach mbeadh Tullia ag iarraidh go mbeadh sé chomh brónach seo.

Réimse de na gnéithe ón litir. (10, 10, 10, 10.)

(40 marc)

(b) Freagra pearsanta a bheadh anseo thar ceann an iarrthóir. B’fhéidir go gceapfaidís go raibh sólás le fáil sa litir, agus bheadh orthu míniú a thabhairt cén fáth. Nó sin, tá gnéithe nach mothaíonn chomh sólásach (e.g. an moladh faoi smaoineamh ar scríosadh cathracha iontacha) agus bheadh ar an scoláire a mhíniú cén fáth nach bhfaighfí sólás as seo.

Dhá chúis. (5,5.)

(10 marc)

(iv)

(a) Ba é Cath Pharsalus an cath cinniúnach idir Caesar agus Poimpéas sa Ghréig. Bhí talamh caillte ag Poimpéas cheana de bharr nár chuir sé lena bhua ag Dyrrhachium. Fiú sular thosaigh an cath, rinne Caesar Poimpéas a bhacadh trí bhuíonta marcra a bhogadh lena thrúpaí a bhacadh. Rud ríthábhachtach, chinn Poimpéas ordú dá fhir gan dul chun tosaigh ach fanacht socair agus glacadh le gluaiseacht chun tosaigh na naimhde. I dtosach, bhí an cath cothrom ach bhí Poimpéas mall chun a mharcra a úsáid chun cliathán clé Caesar a chiorclú. Ba ansin a chaith Caesar a chúltaca de 3,000 fear ag marcra na naimhde. Dhírigh na saighdiúirí coise seo a sleánna ar aghaidheanna na marcach, a scanraigh agus a chuaigh ar a dteitheadh mar gheall nach raibh aon taithí acu. Dhírigh fir Caesar ar shaighdiúirí coise Poimpéas ansin, fad is a d’ionsaigh a dheichiú léigiún ón tosach. Chonaic Poimpéas céard a bhí ag tarlú, d’fhág sé an cath agus speabhraídí air, ag tréigean a chuid fear agus á bhfágáil i muinín na cinniúna.

Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (12, 12, 11.)

(35 marc)

(b) Cruthaíonn Plutarch íomhá d’fhórsa poblachtach nach bhfuil aontaithe ar chor ar bith agus dímhéas agus magadh dírithe ar Poimpéas, a bhí faoi mhíbhuntáiste cheana tar éis Dyrrhachium, agus iallach air, geall leis, dul ag troid. Ar an lá, is dóigh go raibh sé mícheart (a) an oiread sin muiníne a chur i marcra gan taithí agus (b) ordú dá líne gan dul ar aghaidh chuig rith. An rud is measa is ea gur thréig sé a chuid fear agus d’fhág sé ag a gcinniúint iad. Bhí a cheannaireacht lag agus ní raibh aon chinnteacht ag baint leis.

Marc don dealramh. (15)

(15 mharc)

Topac 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) Ba é bunú na Prionsáideachta an beart ba thábhachtaí a rinne Ágastas ó cuireadh bonn seasmhach leis sin faoi chúrsa na Róimhe agus na hImpireachta tar éis blianta fada den chior thuathail de bharr an chogaidh chathartha. Ní dhearna sé rí ná deachtóir de féin go sonrach riamh. D'éirigh leis an rialtóir nua caidreamh oibre seasmhach a chur ar bun le lucht an tSeanaid. D'éirigh leis freisin teorainneacha a bhí slán a leagan síos don Impireacht agus chuir sé faoi deara go ndéanfaí riarachán cóir éifeachtach ar na cúigí. I dtéarmaí sábháilteacht na cathrach, roinn sé an chathair ina ceantair agus ina bardaí agus chuir sé giúistís i gceannas ar gach limistéar. D'eagraigh sé cathaisí nó fir faire oíche chun cosaint i gcoinne tinte agus chuir sé saighdiúirí faoi airm go limistéir an-gharbha. Is fiú an obair mhór thógála a chuir sé sa siúl a lua, leis an athchóiriú ar theampaill agus foirgnimh iontacha nua á dtógáil, mar gheall ar an tionchar a himríodh ar an Róimh ag an am agus le linn na nglúnta ina dhiaidh sin. Choimisiúnaigh Ágastas mórán oibreacha poiblí, lena áiríodh an Fóram athchóirithe, Teampall Mars, Teampall Apalló ar an gCnoc Palaitíneach, agus Teampall Iúpatair ar Chnoc an Chaipeatóil. In ainm na ndaoine ina theaghlach thóg sé Teampall Earcail agus na mBéithe, Halla na Saoirse, Teampall Shatairn, amharclann agus amfaitéatar freisin. Mhaigh sé go raibh “an Róimh ina cathair bhrící nuair a tháinig sé agus go ndearna sé cathair mharmair dí faoin am a d'fhág sé.” Thug Ágastas dlíthe isteach i gcoinne rabairne, adhaltranais, tátha agus breabaireachta. Chuir sé pósadh traidisiúnta chun cinn agus rinne sé iarracht luachanna teaghlaigh seanfhaiseanta a chur chun cinn sa Róimh. D'athnuair sé searmanais agus féilte traidisiúnta mar aon le deasghnátha reiligiúnacha. Rinneadh *Pontifex Maximus* de agus mhéadaigh sé líon na sagart sa Róimh. B'fhéidir go luafadh an t-iarrthóir freisin gur chloígh sé Antaine agus Cléópátra, beart a bhféadfaí a rá fúthu gur dá réir a cuireadh bonn treise faoi aontas na hImpireachta. Ar an taobh diúltach, bhí ardú fuilteach agus díoltasach chun cumhachta aige agus b'fhada ó shaol pearsanta gan locht é. Spreag sé adhradh air féin i dteampaill agus phrásaíl sé Tibir ar mhuintir na Róimhe.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(ii)

(a) Ba cheart go dtaispeánfadh iarrthóirí tuiscint ghinearálta mhaith ar fheiniméan na trialach mar gheall ar thréas mar aon le roinnt eolais ar roinnt cásanna. B'fhéidir nach gcáinfidís Tibir lom láithreach agus b'fhéidir go dtógfaidís an chaoi neamhchothrom ar chaith Tacatas leis an impire san áireamh. Tháinig tréithe ba mheasa an impire amach sa chaoi ar chaith sé le hiarchairde agus comhlaigh Shéánas. Áirítear leis na tréithe seo easpa muiníne, droch-bhreithiúnas agus cur chuige gruama agus scanrúil leis na daoine ciontaithe mar aon le claonadh chun cúisithe a cheadú a thóg brathadóirí (*delatores*) go gangaideach. B'fhéidir gurb iad na cásanna ba oiliúnaí cásanna Sextus Vistilius, an tseanbhean Vitia, Considius Proculus agus Sextus Mairias. Dar le Tacatas, bhí Tibir “frenzied with bloodshed” nuair a d'ordaigh sé iad siúd ar fad a gabhadh as a bheith páirteach le Séánas a chur chun báis. Chuir go leor lámh ina mbás féin freisin mar gheall ar eagla roimh an mbású.

Plé, 14; Forbairt, 14; Meastóireacht ghinearálta, 7.

(35 marks)

(b) Ó thús a bheathaisnéise, is léir nach bhfuil Tacatas ceanúil ar Thibir. Déanann sé amach gur bréag atá sa drogall atá ar Thibir dul ag rialú. Tagann sé trasna mar thíoránach duáilceach díomasach míghnaíúil. Léirítear Gearmánacas mar laoch a fuair nimh ó Piso ar mhaithe le Tibir. Feicimid Agrippina freisin mar dhuine neamhurchóideach atá sáite in achrann díoltasach. Feictear na seanadóirí freisin mar íospartaigh seachas mar dhaoine atá ag tochas ar a gceirtlín féin díreach mar a bhí roinnt mhaith díobh. Déantar cur síos ar fhilleadh Thibir ar Capri chun éalú ó phoimp na hoifige mar leithscéal chun leas a bhaint as gach cineál mímhórtachta agus contráilteachta gnéis. Fiú go luath ina réimeas, nuair a dhéanann Tibir rudaí maithe, ní leagann Tacatas ach na ceannfháthanna is measa air, cosúil le fimíneacht agus feall. Déantar cur síos ar aon fhlaithiúlacht mar rud bréagach. Maidir leis an gcéad ghné, d'fhéadfadh an t-iarrthóir roinnt eachtraí a lua, e.g. bás Ghearmánacas agus ar tháinig dá bharr, an triail mar gheall ar thréas, na feachtais sa Ghearmáin, Séanas agus a chuid coiriúlachta. Ina gcás sin ar fad, tugann Tacatas cuntas cruinn soiléir ar ar thit amach – agus is minic go dtéann sé an-mhion sa scéal. Níl aon fhianaise ann go ndearna sé aon chumadóireacht ná gur cheil sé aon ní. Ina ainneoin sin, is minic nach ró-mhaith a thagann na fíricí a thuairiscítear agus an tuiscint ba mhaith le Tacatas a chur trasna le chéile. Gné choitinn amháin is go bhfuil Tacatas go hiontach ag insint ráflaí a chaitheann droch-chlú ceart ar Thibir, cé nach ndeir Tacatas in aon chor gur fíricí iad. Tugann sé le tuiscint go raibh baint ag Tibir le bás Ghearmánacas agus go raibh sé gníomhach ag cur na dtrialacha mar gheall ar thréas chun cinn, agus ní chuireann sé béim ar ról an impire i dtitim Shéanas. Léirítear é mar namhaid na cathrach, fiú gurb é a scrios í.

Marc don dealramh. (15)

(15 marc)

(iii)

Beidh ar scoláirí samplaí sonracha a thabhairt ó na téacsanna agus idirdhealú a dhéanamh idir an chuid dheiridh de réimeas Cláidias agus an chuid tosaigh. Cuireann an traidisiún liteartha i láthair é mar “the victim of unscrupulous exploitation by his ambitious freedmen and scheming wives.” Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann sonraí a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí daoine cosúil le Messalina, Agrippina, Pallas agus Narcissus. Ach, ba cheart dóibh fianaise a lua freisin gur rialaigh Cláidias go maith in go leor réimsí go dtí a bhlianta deiridh (e.g. a bhreithiúnas sa díospóid idir na Giúdaigh agus na Críostaithe as Alexandria). Bhunaigh sé freisin seirbhís sibhialta éifeachtach leis na saoirsigh. Theastaigh uaidh go rithfí an Stát go maith agus ghlac sé bearta áirithe chun éifeachtach an tSeanaid a fheabhsú agus ag an am céanna thóg sé seirbhís sibhialta leis na saoirsigh inniúla. Bhí a chuid tionscadail bhonneagair tábhachtach freisin (Ostia, uiscerianta agus eile). Cheadaigh sé freisin ionradh ar an mBreatain agus bhí sé ar an gcéad impire chun saoránacht na Róimhe a shíneadh chuig treibheanna iomlána i gcúigí cosúil leis an nGaill (cheap sé roinnt daoine ó na cúigí ar an Seanad fiú).

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iv)

Seo a leanas na príomhghnéithe de ghníomhréim Corbulo: rith sé feachtas an-rathúil i gcoinne na Chauci nuair a bhí sé ina cheannasaí sa Ghearmáin sa bhliain 47 AD. Stop an tImpire Cláidias é ó leanúint ar aghaidh sa tóir ar thuilleadh buanna. Bhí Corbulo an-dian agus an-éifeachtúil (d'iarr sé ar a chuid fear canáil a thógáil idir an Réin agus an Meuse. D'eagraigh sé an t-arm san oirthear nuair a bhí sé ina rialtóir ar an Áise. Throid sé i gcoinne na Pairtia (a raibh bua den scoth acu ar na Rómhánaigh ceithre bliana roimhe sin) sa bhliain 58 AD. Ghlac sé seilbh ar an Airméin agus cheap sé Tigranes dea-mhéineach mar rí ansin. Throid sé arís sa bhliain 61 AD agus rinne sé síocháin fabhrach leis na Pairtiaigh faoi dheireadh. Thug Néaró cuireadh dó teacht chun na Gréige sa bhliain 67 AD áit ar chuir sé iallach air lámh a chur ina bhás féin.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i)

(a) Ón tús, tá meon Arastafainéas i leith Aescaileas soiléir. Taispeántar é mar sheaimpín suáilcí seanfhaiseanta cosúil le hionracas, ceart agus misneach. Is tréithe iad sin go léir atá riachtanach don Aithin i dtréimhse chorrach (Cogadh na Peilipinéise). Spreagann sé dílseacht agus muinín. Cé go léirítear é mar dhuine olc, tá rud éigin fíneálta agus uasal ag baint leis an olc sin a bhfuil call leis. Tógann Sofacléas a bhfuil ard-mheas air a thaobh freisin. Is laochra uaisle iad na carachtair i ndrámáí Aescailis agus mar sin is rólchuspaí maithe iad do mhuintir na cathrach. Tá teanga bhreá fhoirmiúil aige, níl sí suarach, agus ní gnáth-theanga laethúil í. Labhraíonn sé ar mhaithe leis na déithe, ní faoi smaointe teibí aisteacha. Baineann a chuid luachanna le tírghrá traidisiúnta, le dualgas agus le hómós agus luann sé a chuid smaointe go soiléir agus go críonna.

Trí phointe fhorbartha. (9, 8, 8.)

(25 mharc)

(b) Ar an lámh eile bíonn sé soiléir faoin gcúis nár roghnaíodh Eoiripidéas. Níl Eoiripidéas soiléir. Chuirfeadh a chuid smaointe duine ar bith amú. Léirítear é mar dhuine atá róchlísté ar fad agus cuirtear síos air mar “chustaiméir cleasach”, ní hionann le hAescaileas, duine breá, géar agus díreach. Tá go leor amhrais ina chuid drámáí in ionad treoir shoiléir ina moltar dílseacht agus cuibheas; tá an iomarca clisteachta agus cailicéireachta ag baint lena chuid smaointe. Is minic a bhíonn a chuid teanga gairgeach agus is minic a dhéileálann an t-ábhar a bhíonn á phlé aige le bealach duairc an duine. Cuireann sé coirpigh agus carachtair ghránna ar an stáitse agus ní thugann sé tús áite do ghrá dá thír. Tá tóir air i measc dríodar na ndaoine i Háidéas. Taispeántar mar dhuine stuacach é a bhfuil nóisin aige faoina éirí in airde intleachtach. Níl aon amhras ach gur file thar cionn é, ach ní dhéantar cur síos air mar fhear atá in ann an Aithin a thabhairt slán in am a gátair.

Trí phointe fhorbartha. (9, 8, 8.)

(25 mharc)

(ii)

Sa dráma seo cé nach bhfeictear Séas é féin tá sé ar dhuine de na príomhcharachtair. Is ina aghaidh sin a d’easaontaigh Proiméitéas agus b’fhearr leis ciapadh a fháil go brách ná aird a thabhairt ar Shéas in aghaidh a thola. Cinneann Séas, trína ghiollaí agus a theachtair, mórán de ghníomh an dráma. Bíonn freagairt láidir ag na carachtair ar fad chuige ar bhealach éigin. Is é an príomhdinimic sa dráma an choimhlint idir é féin agus an príomhcharachtar, Proiméitéas. An chéad táscaire den bhrúidiúlacht i rith réimeas Shéas ba ea an radharc ciaptha ag an tús nuair a tharraingíonn a ghiollaí Proiméitéas chun é a cheangal le slabhraí chuig sléibhte réigiún Cugais. Níl mórán fonn ar Héafaestas éisteacht le Séas, ach mothaíonn sé nach bhfuil aon rogha aige. “Power newly won is always harsh”. Is iad Láidreachta agus Foréigean na nithe is mó a theastaíonn ó gach tíoránach chun a chuid obair shalach a dhéanamh (i.e. bagairtí agus fórsa fisiceach). Faighimid fiú tuiscint ar fhaireachas an tíoránaigh mar go ndéanann na carachtair soiléir é go bhfuil Séas ag faire orthu i gcónaí. Tá bagairt le brath i rith an dráma. Don chór, “these are new laws by which Zeus tyrannically rules”. Dóibh siúd, tá faitíos roimh Shéas níos mó ná aon duine eile. Luann Proiméitéas, a mhothaíonn gur gá dó tacú leo, an plean chun daoine a scriosadh. Tá sé searphasach faoi easpa buíochais a léirigh Séas ar chuidigh sé leis cumhacht a fháil. Feiceann Oceanus gur gá do dhuine dul in oiriúint do chásanna nua agus a bheith praiticiúil “Know yourself and take upon yourself new ways to suit the times”. Tá dóchas éigin aige gur féidir idirbheartaíocht agus comhghéilleadh a dhéanamh le Séas. Deir Proiméitéas leis gan é féin a chur i gcontúirt trí iarracht a dhéanamh cúnamh a thabhairt.

Cuireann scéal lo le tuairim Shéas mar thíoránach cruálach, gan chroí. Bhí sí ina híospartach neamhurchóideach dá dhrúis, agus mar gheall air seo, ag fearg Héire. Deir Proiméitéas “Does it not seem to you that this king of the gods in all matters alike is given to violence? Ach tugann an moladh go dtiocfaidh Séas ar lo “not with terror, with a gentle touch” roinnt dóchais go mbeidh an tíoránach níos séimhe le himeacht ama.

Is é Heirméas an duine cliste, leithleach a bhfuil a fhios aici go bhfuil sé cliste i gcónaí a bheith ar thaobh an té is cumhachtaí, treisíonn sé an nóisean de Shéas mar bhithiúnach uilechumhachtach, brúidiúil a n-éiríonn leis i gcónaí. Is léir ón méid a deir sé go bhfuil sé craiceáilte seasamh in aghaidh Shéas.

Tá ceann de na hóideanna córúla ar théama na heagla roimh na ndéithe, agus Séas go háirithe. Guíonn siad nach mbrúitear iad de bharr toil Shéas riamh. Molann siad do Proiméitéas nárbh fhiú neamhaird a dhéanamh de Shéas ar mhaithe le daoine suaracha. Tá an ghráin ag Proiméitéas go bhfuair Séas a chúnamh nuair a theastaigh sé uaidh ach anois gur ionsaigh sé a chara “to look on all friends with suspicion - this disease would seem to be inherent in a tyrant's soul”.

Is féidir ionsaí Shéas ar Phroiméitéas a lua ag deireadh an dráma a léiríonn bithiúnacht nua an tíoránaigh. Tá sé deacair gan aontú le ról Shéas mar bhithiúnach sa dráma.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iii)

D'fhéadfaí aontú go hiomlán nó i bpáirt leis an dearcadh anseo. Síos tríd a iniúchadh, a chuimsíonn formhór an dráma, léiríonn Éideapús go bhfuil na tréithe aige a bhainfeadh le bleachtaire iontach. Is iad na tréithe seo, fuinneamh, fiosracht, smaointeoireacht réasúnach, diongbháilteacht agus fonn i gcomhair ceartais.

I dtosach, is fear gnímh é Éideapús: Dearbhaíonn sé dá dhaoine go raibh leigheas ar an bplá á chuardach aige, "I wasn't asleep, dreaming." Deir sé freisin, "I have wept through the nights... groping, laboring over many paths of thought." Chuir sé Creon chuig Deilfe chun cúis an phlá a fháil amach. Níos déanaí admhaíonn sé gur cuireadh sa tóir ar Tiresias é "on Creon's cue".

Seift mhaith a bhí ann freisin tairiscint a dhéanamh don dúnmharfóir ina fhorógra poiblí. Ar chúiseanna atá soiléir dúinn, ach nach bhfuil soiléir don rí agus dá shaoránaigh, theip air. Agus i ndeireadh na dála, chaithfeadh aon bhleachtaire iontach a bheith fiosrach faoin bhfírinne a aimsiú. Is saintréith rithábhachtach é seo do bhleachtaire agus léiríonn Éideapús go cinnte go bhfuil sé fiosrach. Is fada leis go bhfoghlaimoidh sé an fhírinne agus go nochtfar dúnmharfóir Laius agus tá sé sásta aon rud a dhéanamh chun an fhírinne a fháil amach; "Which rumours? I'll search out every word". Tá an ceistiú a dhéanann sé ar Creon ar fhilleadh as Deilfe dó tomhaiste agus éifeachtach.

Pointe eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ná gur chóir d'aon bhleachtaire maith an cumas a bheith ann don réasúnaíocht agus leibhéal maith intleachta a bheith aige freisin. Tá roinnt pointí i gceist sa dráma nuair a léiríonn Éideapús gur carachtar é a bhfuil intleacht mhór agus intinn thapa aige mar aon le cur chuige an-loighciúil i leith fadhbanna. Feiceann sé tábhacht an té a tháinig slán ón ionsaí ar Laius láithreach mar fhoinsé eolais.

Maidir le diongbháilteacht, ní fhéadfadh aon duine a chur i leith Éideapús go bhfuil sé mall ag leanúint aon deis chun an dúnmharfóir a aithint. Léiríonn sé go sáróidh sé aon iomaíocht (Tiresias, Jocasta, an t-aoire) nó fiú dainséar (a chiontacht féideartha féin) ar mhaithe leis an bhfírinne a fháil. Cé go sroicheann Éideapús pointe ag a gcreideann sé go bhféadfadh sé a bheith mar dhúnmharfóir Laius, leanann sé leis an iniúchadh. I dtreo dheireadh a chuid oibre iniúchta, nuair is léir cá bhfuil an cuardach ag dul, leanann Éideapús ar aghaidh.

Tá sé neamhthrócaireach ina mhian chun an fhírinne a bhaint amach mar a fheictear sa bhrú a chuireann sé ar Tiresias agus an seanaoire.

Ar deireadh, ar cheann dá phríomh-saintréithe, agus ceann a theastaíonn ó aon bhleachtaire iontach, mian go n-éireodh leis an gceartas. Tá tuiscint mhaith aige ar an rud atá ceart agus cóir agus an riachtanas chun gach rud a chur ina cheart, go háirithe dá dhaoine; "My children, I pity you." Ar deireadh, réitíonn sé mistéir an dúnmharaithe mar sin tá roinnt de na saintréithe aige a mbeadh duine ag súil leo i mbleachtaire iontach.

Ach níl roinnt gnéithe de charachtar Éideapús oiriúnach d'obair bhleachtaireachta mhaith: Ní hionann a mheargántacht nuair a mholann Creon labhairt leis go príobháideach nuair a fhilleann sé ó Deilfe agus saintréith mhaith i mbleachtaire. Cuireann sé an iomarca muiníne ina bhreithiúnas féin agus go háirithe na tuairimí atá aige maidir le ciontacht Tiresias agus Creon. Mar gheall air sin, téann sé ar an gcosán mícheart ar fad. Tá sé teasaí freisin agus ní saintréith é sin a bheadh ag bleachtaire iontach. Feictear ina mhagadh faoin bhfáidh dall agus na bagairtí foréigin, gur chaill Éideapús smacht ar a mhothúcháin. Ní chuidíonn an mórtas a léirigh sé nuair a réitigh sé tomhas an Sfioncs lenár dtuairim faoina obair bhleachtaireachta.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iv)

(a) Ceapann Méide gurb iad na mná na créatúir atá “most wretched” mar gheall ar na cúiseanna a leagann sí amach go soiléir ag cór na mban Corantach. Tosaíonn sí amach ag labhairt faoin gcaoi mhíchuí a chaitear le mná i bpósadh. Labhraíonn sí faoin gcaoi a gceannaíonn siad fear céile agus ní fhaigheann siad amach go dtí go mbíonn sé ródheireanach má tá aon mhaith leis. Má théann an pósadh in aimhréidh, ní féidir leo dul amach chun siamsaíocht mhalartach a fháil, ach féadfaidh an fear céile. Freisin, níl sé measúil do bhean colscaradh a lorg. Léiríonn sí an chaoi a bhfuil drochbhail “a foreign woman” i bhfad níos measa. Deir sí go dteastódh “the skill of magic” óna leithéid de bhean chun pósadh rathúil a bheith aici. Críochnaíonn sí an óráid tríd an gcosaint a dhéanann na fir ar an status quo a dhamnú, go bhfuil na mná á gcosaint sa bhaile. *“I would rather stand three times in the front line than bear one child”*. Is drochléiriú iomlán é seo ar sheasamh na mban i sochaí an lae. Is óráid neamhbhalbh agus chumhachtach í.

Caitheamh le trí chuid dá hóráid. (10, 10, 10.)

(30 marc)

(b) D’fhéadfadh iarrthóirí ceachtar taobh a ghlacadh sa díospóireacht seo. Féadfaidh siad an tuairim a ghlacadh go dtaispeánann an dráma mná ar dhrochbhealach agus dá bhrí sin gur dráma fuafar ar mhná atá ann. Chun é sin a dhéanamh ba cheart dóibh an téacs a úsáid lena léiriú go dtéann an príomhcharachtar agus an bhean is láidre sa dráma, an bhean a thacaíonn le cearta na mban, ar aghaidh chun na coireanna is uafásaí, lena n-áirítear naímharú, a dhéanamh. D’fhéadfá a áitiú go gcealaíonn an drochbheart seo agus a cruachroíocht i dtreo lasón ina dhiaidh aon cheart ó thaobh na moráltachta a d’fhéadfadh a bheith ag baint lena hargóintí ar son na mban. Níl na mná eile sa dráma olc, ach léirítear Glauce mar dhuine stuacach agus gaisciúil, agus bíonn cór na mban Corantach ag smaoineamh ar cheart dóibh idirghabháil a dhéanamh chun na leanaí a shábháil, ach ní dhéanann siad sin. Mar sin ní dhéanann siad mórán do chás na mban sa dráma. Teipeann ar an mbanaltra fiú, atá ciallmhar ina cuid cainte, na daoine faoina cúram a shábháil, in ainneoin í a bheith ag fáisceadh lámh le teann imní. Tá Méide í féin lárnach san argóint seo. Is í Méide a labhraíonn amach chomh deisbhéalach ar son stad na mban agus ní bheadh mórán iontaobhe as an gcás a chuireann sí chun cinn mar gheall ar an gcoir uafásach atá déanta aici. D’fhéadfá an argóint a dhéanamh go léiríonn an dráma an t-uafás a tharlaíonn má bhíonn éirí in airde ag mná.

Os a choinne sin, d’fhéadfadh iarrthóirí an argóint a chur chun cinn go raibh Eoiripidéas ag iarraidh aird a tharraingt ar an éagóir a d’fhulaing mná sa tsochaí, sa chonradh pósta, a luann Méide í féin agus mar gheall ar dhearcadh na bhfear i leith na mban. Léiríonn ráiteas lasóin an dearcadh fireann i leith ban: “if only children could be got some other way, without the female sex, if women didn’t exist at all human life would be rid of all its miseries.” Ina theannta sin, d’fhéadfaí an argóint a dhéanamh go bhfuil an dearcadh go bhfuil mná “in all kinds of evil, skilled practitioners” agus an cháil mhí-ámharach atá orthu i scéalta “of male poets with their ballads of faithless women” éagórach ar mhná. D’fhéadfaí breathnú ar an dráma seo ar bhealach eile - cé go gcuireann an drámadóir Méide i láthair mar dhuine nach raibh an-deas, dealraíonn sé, mar sin féin, gur carachtar spéisiúil, láidir atá inti. Is óráid fhíorchumhachtach áititheach an óráid a thugann sí uaithi maidir le stádas na mban sa

tsochaí. Tá sí i bhfad níos éirimiúla ná aon fhear sa dráma agus faigheann sí an ceann is fearr orthu go héasca. Bíonn an bua aici, agus na Déithe léi, baineann sí díoltas amach as an éagóir a rinneadh uirthi. D'fhéadfá a rá, ós rud é gur ag bean chliste atá an bua, nach dráma é seo atá fuafar ar mhná ar chor ar bith.

Trí phointe fhorbartha. (7, 7, 6.)

(20 marc)

Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i)

(a) Sular tháinig Aeinéas bhí Díodó tar éis teitheadh ón Tuír, áit a raibh a deartháir gránna Pygmalion, tar éis a fear céile, Sychaeus, a dhúnmharú chun airgead a ghnóthú. Choinnigh a deartháir a ghníomh suarach faoi rún agus thug sé solás do Dhíodó fiú agus í faoi bhrón, é ag tabhairt dóchas bréagach di go bhfillfeadh Sychaeus. Ach, i mbrionglóid labhair sprid Sychaeus leis an mbean óg agus d'inis sé di faoin méid a bhí tar éis tarlú. Thug an sprid foláireamh di an Chartaig a fhágáil agus threoraigh sé í chuig taisce rúnda óir agus airgid. Bhailigh sí iad siúd go léir a bhí i gcoinne a dearthár nó a raibh faitíos acu roimhe dá réir sin, agus chroch sí na seolta léi. Bhain siad an Chartaig amach agus cheannaigh siad an méid talún "covered by a bull's hide". Nuair a chonaic Aeinéas í den chéad uair ba bhean álainn cheannasach a bhí inti, a bhí tar éis diúltú do thairiscint pósta ó roinnt taoiseach áitiúil cheana féin. Tá sí ag déanamh maoirseacht ar chathair den scoth, ag dáileadh post agus ceartais. Bíonn imní uirthi faoi chosaint an chósta, ach bíonn sí thar a bheith flaithiúil le strainséirí nuair is léir di nach aon bhagairt iad.

Trí ghné a bhaineann leis an staid ina bhfuil sí. (5, 5, 5.)

(15 mharc)

(b) Is féidir leis na hiarrthóirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime maidir leis an gceist seo. Thug lúpatar treoir do Mhearcair inspioráid a thabhairt dá mbanríon le go mbeadh bá aici le muintir na Traí agus intinn chineálta aici. Go deimhin, baineann nádúr na róspeise atá ag Díodó in Aeinéas leis an ngrá bréige atá cruthaithe ag Véineas agus Cúpid. Bhí Véineas buartha go mbeadh tuilleadh trioblóide i ndán d'Aeinéas sa Chartaig mar gheall ar thoil fhíochmhar Juno. Ní raibh aon rud eile ar a hintinn aici agus níl an dara rogha aici. Níl aon chosaint aici in aghaidh chumhacht na ndéithe. Anuas air seo tá sé beartaithe ag Juno go bpósfaidh an bheirt acu. Éiríonn léi pósadh 'mar dhea', mar a dhéanann Veirgil cur síos air, a eagrú in uaimh. Oireann seo don phlean atá ag Juno bac a chur ar chomhlíonadh chinniúint na Traí. Mar sin tá Díodó sáinnithe i gcluichí cumhachta ollmhóra na ndéithe. Bhí an méid sin faoi Aeinéas cloiste aici nuair a bhí sí ina páiste nach raibh sí in ann dada a dhéanamh nuair a bhí sí os a chomhair san fhíorshaol. Cuireann argóintí a deirféar, Anna, ina luí uirthi dul siar ar an mionn a ghlac sí. Éiríonn an bhanríon óg corraithe mar gheall ar an gcinneadh a rinne Aeinéas na hullmhúcháin i gcomhair a imeachta a dhéanamh sular chuir sé Díodó ar an eolas ina leith. Faigheann a cuid mothúchán an lámh in uachtar uirthi agus cuireann sí lámh ina bás féin.

Ar an lámh eile, tugann Veirgil le fios go soiléir gur ghlac Díodó mionn do Sychaeus, mionn ar a bhfuil sí tar éis dul siar anois. Cuireann sé sin in iúl gur uirthi a bhí an locht go pointe áirithe. Cuireann an neamart a dhéanann sí ina cathair leis an bpictiúr go bhfuil faillí déanta aici ina cuid dualgas. Leis an bhfírinne a rá, agus í ar tí lámh a chur ina bás féin, admhaíonn sí go ndeachaigh sí siar ar mhionn naofa. Léirítear í mar bhean atá tugtha do mhothúcháin láidre. B'fhéidir go mbeadh orainn an bás a dhéanamh go gcuireann sí lena treascairt féin, fiú má bhíonn an-trua againn di. **Plé, 14; Forbairt, 14; Meastóireacht iomlán, 7.**

(ii)

Ag tús *The Odyssey*, is ógánach é Telemachus atá lán de thrua dó féin. Tá sé in ísle brí agus ba mhian leis go mbeadh deartháireacha aige chun cabhrú leis an fód a sheasamh in aghaidh na Suiríoch. Tá sé lánchinnte go bhfuil cnámha a athar á nglanadh ag an mbáisteach. Ba chor cinniúnach cuairt Aitéiné dó, i mbréagriocht Mentés. Spreagann sí é agus deir sí leis go bhfuil sé in am aige fás suas. Éiríonn leis an dúshlán a shárú ach bíonn cúpla iarracht gan rath aige. Tá sé de mhisneach aige labhairt le tionól na Suiríoch, ach teipeann air. Is spéisiúil an caidreamh atá aige lena mháthair. Tá sé an-drochbhéasach agus dímhéasúil léi, ag ordú di dul ina seomra, ach tá sí sásta leis sin mar go léiríonn sé go bhfuil sé ag éirí níos neamhspleáiche. Tugann sé ordú do Eurykleia fiú gan focal a rá le Péinealaipé faoina thuras ar thóir a athar. Éiríonn go maith leis ar na cuairteanna a thugann sé ar Sparta agus ar Pulas agus tagann méadú ar an stádas atá aige mar gur léir go dtéann sé i bhfeidhm ar a óstaigh. Foghlaimíonn sé go leor ón méid a fheiceann sé agus a chloiseann sé sa dá ríocht seo: conas mar ba cheart go mbeadh sochaí shibhialta; faigheann sé inspioráid ó na scéalta a insítear dó faoi éachtaí a athar in Traí; spreagann an scéal faoin díoltas a bhain Orestes amach as dúnmharú a athar mothúcháin den chineál céanna ann i dtreo na Suiríoch. Tagann aibíocht níos mó mar thoradh ar an turas taiscéalaíochta agus go suntasach tosaíonn na suirígh ag brath gur bagairt atá ann agus ní bhreathnaítear air mar cheap magaidh níos mó. Agus foláireamh faighte aige ó Pallas Aitéiné, seachnaíonn sé luíochán na Suiríoch agus leanann sé treoracha an bhandé dul díreach go bothán Eomaes. Ansin, ligeann Odaiséas a aithne lena mhac, agus is léir go measann sé gur taca anois an fear óg seo inar féidir leis a mhuinín a chur. Agus é ar ais sa phálás tá níos mó muiníne aige agus é ag déileáil leis na suirígh agus ag tabhairt cosanta dá athair atá i mbréagriocht. Glacann sé ról muiníneach agus tábhachtach trí chabhrú lena athair an ceann is fearr a fháil ar na Suirígh. Comhartha eile ar fhorbairt Telemachus ná na hiarrachtaí a dhéanann sé chun sreang a chur le bogha iontach a athar: B'fhéidir go mbeadh sé déanta aige ar a cheathrú hiarracht ach amháin gur chuir Odaiséas stop lena iarrachtaí le croitheadh a chloiginn. Mar sin féin, ní laoch críochnaithe atá ann, le linn an chatha sa halla fágann sé doras an tseomra arm ar oscailt, rud a ligeann do na suirígh a n-arm a úsáid. Troideann sé go cróga agus tagann sé in inmhe agus é ag seasamh gualainn le gualainn le Odaiséas sa chath.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iii)

Is cinnte gur cáilíocht shainiúil í an dílseacht de chuid na ndea-charachtar san *Odaisé* le Hóiméar. Ag tosú le hOdaiséas é féin, ceann de na gnéithe is suntasaí dá charachtar ná an fonn ollmhór atá air filleadh ar a bhean chéile, a pháiste agus a bhaile féin in Ithaca. Diúltaíonn sé do na tairiscintí ar neamhbhásmhaireacht ó Chailíopsó agus deir sé gurbh fhearr leis dul abhaile. Níor chuir an tairiscint ó Alcinous Nausicaa é a phósadh cathú air. Tá sé dílis dá fhir, á sábháil ó na Lotus Eaters agus ag iarraidh iad a choinneáil amach as aon trioblóid. Léiríonn Péinealaipé gur bean chéile fhiúntach don laoch í tríd an dua a chaitheann sí chun fanacht dílis dó. Tá sí in ann fanacht dílis dá fear céile, atá as láthair lena beart straitéise leis an taiséadach, lena foighne agus tríd an gcomórtas cliste leis na boghanna agus na cinn tua, cé nach bhfuil sí cinnte go bhfuil sé fós ina bheatha. Is searbhónta thar a bheith dílis é Eomaes a thugann aire cúramach do mhuic a mháistir le linn neamhláithreachta fhada Odaiséais. Cuireann dílseacht a shearbhónta ríméad ar an laoch nuair a fhilleann sé agus bíonn sé ar cheann de leathbhádóirí a mháistir in aghaidh na suiríoch. Is cailín aimsire iontaofa í Eurycleia sa phálás inar féidir le hOdaiséas a mhuinín a chur sula dtéann sé i ngleic leis na Suirígh. Tá an madra fiú, Argus, dílis dá sheanmháistir, ag fáiltiú roimhe ar fhilleadh dó sula bhfaigheann sé bás. Maidir le mídhílseacht, is uafásach na torthaí a bhíonn ann dá bharr sa dán seo. An sampla is follasaí anseo ná na Suirígh. Cuirtear trasna go soiléir gur chaith Odaiséas go han-mhaith leis na teaghlaigh san am atá thart. Ní hamháin gur drochghníomhartha na gníomhartha a dhéanann siad, ach chomh maith leis sin tá siad ag tabhairt droim láimhe don rí a bhfuil dílseacht ag dul dó. Breathnaítear ar an sléacht uafásach a rinneadh orthu mar luach saothair ar an easpa buíochais a bhí acu. Gearrtar pionós géar ar na cailíní aimsire chomh maith as a mídhílseacht, fághtar ar crochadh iad ar nós éisc marbha, agus ar an bhfeighlí gabhar nimhneach, Melanthius, a rinneadh íospairt ar a chorp. Leagtar síos gan trócaire iad siúd go léir a rinne feall ar an laoch, nó nach ndearna rud ar bith nuair a bhí feall á dhéanamh air. Teachtairacht shimplí atá ann, tabharfar meas agus cúiteamh ar an dílseacht agus gearrfar pionós ar an mídhílseacht mar choir uafásach ghránna.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iv)

An íomhá a thugtar den chogaíocht sa *Táin* i gcomparáid leis sin san *Aeinéid* nó san *Odaisé* – anseo, ní gá don iarrthóir mionsonraí a thabhairt faoi eachtraí sa *Táin*, ach díreach cur síos a dhéanamh ar an stíl chogaíochta agus cad atá sainiúil faoi. Tá gné níos iontaí ar ndóigh i gcogaíocht na *Tána* nuair a thugann Cúchulainn faoi ghrúpaí fear in éineacht agus déanann sé athruithe ina ndéantar cur síos air mar fhear atá ar mire i sraith bheoga, beagnach cosúil le cartún. Déantar an troid ar fad sa *Táin* i dtír-raoin oscailte nó i gcoillearnach agus is iondúil go ndéantar an troid ó charbaid. Níl aon chur síos ar chathanna cóirithe áit a ndéantar cur síos mion ar ghníomhartha airm iomlána. I gcomparáid leis sin, tá éagsúlacht níos mó ag baint leis an trodaireacht san *Aeinéid*. Déanann *Aeinéas* cur síos ar throdaireacht theann sráide i Leabhar 2 agus san áit a bhfuil comhrac aonair, is é *Aeinéas* a bhíonn ag troid i gcoinne gaiscígh eile seachas cúpla gaiscíoch. Tá cuntas san *Aeinéid* freisin de léigear campa. Tá loing chogaidh san *Aeinéid* ach ní ann dóibh sa *Táin*. Ní úsáidtear carbaid i Veirgil. Tá roinnt eilimintí mar an gcéanna sa dá eipic maidir le cogaíocht: De ghnáth sa chomhrac faigheann an laoch an lámh in uachtar cé gur beag seans a thugtar dó, go minic le cúnamh ó na déithe, ag léiriú gaisce den scoth agus crógacht fhordhaonna go minic; Tá comhrac aonair ar bun sa *Táin* agus san *Aeinéid* idir beirt charachtar agus tá brón agus trua le brath iontu.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i) Is léir ó scríbhneoireacht Virgil go bhfuil an-bhá aige don dúlra. Agus cur síos á dhéanamh faoi, is minic a deirtear go bhfuil sé ag “painting with words”. Is cinnte go mbaineann sin leis an mionchur síos a dhéanann sé ar an domhan nádúrtha a bhfuil an-méid sin dúil aige ann. Amhail scríbhneoirí Ágastacha eile, Horáit go háirithe, tá sé ar nós gur bhreathnaigh Veirgil ar an domhan nádúrtha mar idéal i gcodarsnacht láidir le domhan lochtach éillitheach na cathrach. Baineann sé sult as íomhánna d’áilleacht agus síocháin an dúlra a chur os ár gcomhair, ag léiriú domhain atá i bhfad ó shaol achrannach na cathrach. Ar an gcéad dul síos, sna hEaclóga léiríonn sé scéal Silenus i gcoillearnach aoibhinn ina bhfuil nimfeacha agus fánais, timpeallacht fheartaisíochta spráíúil a chríochnaíonn le híomhá ghalánta de na réalta sa spéir san oíche. In *Birth of the Saviour*, tuarann Veirgil ré órga ina mbeidh barra agus bláthanna ag fás go flúirseach sa talamh agus ina mbeidh olann ildaite ag fás ar na caoirigh fiú. Baineann sonas le cornucopia bláthanna agus luibheanna ag fás go nádúrtha.

Tá sé níos soiléire gur amhrán faoi iontais an dúlra atá in *Rustic Happiness*. Baineann téama an amhráin le maitheas nádúrtha an tsaoil faoin tuath, ach léiríonn sé an grá láidir atá ag Veirgil don dúlra sa chur síos a dhéantar ar choillearnach, sruthanna ag sníomh leo agus craobhacha trom le torthaí agus sméara. Ar an gcaoi chéanna, tá *A Farmer’s Calender* lán le híomhánna dúlra ó gach séasúr, ó shneachta domhain an gheimhridh go stoirmeacha ollmhóra agus teas loiscneach. Léirítear an grá atá ag Veirgil don dúlra anseo arís go han-soiléir.

Fiú in *Orpheus and Eurydice*, a bhfuil caillteanas dúbailte tragóideach Eurydice dá fear céile mar théama ann, baineann Veirgil úsáid as an dúlra chun atmaisféar agus mothúchán a léiriú ar bhealach cumhachtach. Ní fhéadfaí dearmad a dhéanamh ar an íomhá d'Oirféas agus é ag canadh faoi na "ice-cold stars" agus déantar comparáid idir an t-amhrán éadóchais atá á chanadh aige agus an filiméala ag caoineadh a éillín óig a chaill sí don treabhdóir.

Ar an gcaoi chéanna sa sliocht ó *the Underworld*, tugann Veirgil cur síos an-mhionsonraithe ar an dúlra chun cruatan agus brón na háite a léiriú. Tá cumhacht agus brón ag baint leis an tsamhail ina gcuireann sé na hanamacha caillte nár adhlacadh i gcomparáid le duilleoga an fhómhair nó leis na héin ag dul ó dheas.

I gcás Veirgil, tagann a ghrá don dúlra le chéile leis an gcumhacht iontach atá aige cur síos a chur os ár gcomhair agus braithimid saibhreas agus éagsúlacht an domhain nádúrtha.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(ii)

Seo a leanas na dánta is ábhartha: Óivid – *Baucis and Philemon, Myself, Advice to Women, The Art of Love, Unfair. Proieirtias – Two Requests, Susceptibility, Love and Peace, Gone, Gone to Clitumnus, Cynthia is Dead, The God of Love, Cynthia*. Níor cheart go mbeadh ar scoláirí tagairt a dhéanamh do gach ceann de na dánta seo. Ba cheart go mbeadh siad in ann tagairt a dhéanamh do chúpla ceann le gach file agus aithne ar shaothar na beirte a thaispeáint. Tá ról láidir, an ról ceannasach b'fhéidir, ag mná i saol na beirte. Tá an bheirt acu tugtha do mheallacht na mban agus scríobhann siad go leor fúthu. Is foinse mhór aoibhnis an grá don bheirt acu ach cruthaíonn sé pian chomh maith. Tá mothúcháin éiginnte ag an mbeirt acu faoi mhná agus cé go bhfuil siad an-ghrámhár, déanann siad cáineadh orthu chomh maith. Mar sin féin, tá difríocht mhór ar a ndearcadh ar mhná ó thaobh toin agus mothaithe de.

Déanann Óivid staidéar ar bhealaí na mban agus is cosúil go mbraitheann sé gur saghas cluiche é an grá. Den chuid is mó is ábhar an-spráíúil éadrom an t-ábhar a scríobhann sé faoi mhná. Braithimid go mbaineann sé pléisiúr as an tóir agus an tseilg ach nach ceist bháis nó beatha atá ann. Is eiseamláir de dhuine galánta cathrach é, bíonn sé i gcomhlúadar go leor ban ina shaol sóisialta agus toilteanach i gcónaí comhairle a thabhairt uaidh maidir le cúrsaí grá. Bíonn a theanga ina leathphluc aige go minic agus is minic é searbhasach amach is amach agus é ag caint le mná nó fúthu, mar shampla in *Art of Love* agus é ag déanamh cur síos ar na cleasa suaracha a bhíonn ag mná. Is cur síos an-ghránnar ar mhná mar dhaoine slítheánta a fheictear sa dán seo. Sa dán *Advice to Women* deir sé leo gur chóir dóibh iarracht níos mó a dhéanamh cuma mhaith a chur orthu féin mar go bhfuil fir éirithe an-leitheadach. Is féidir leis a bheith dáiríre, áfach, mar a fheictear in *Unfair* agus sa chur síos álainn a dhéanann sé ar ghrá buan in *Baucis and Philemon*. Déantar cur síos ar Baucis mar sheanbhean chineálta uasal ghrámhár atá dílis dá fear, dá baile agus do na déithe.

In ainneoin na dúile atá aige i ngach bean, tá meon éagsúil ar fad ag Proieirtias i leith an ghrá. Sa dá *Two Requests*, sula gcuireann sé aon aithne ar an gcailín glacann sé leis gur rugadh í lena ghortú. Feiceann muid fíorphaisean agus róspéis éadmhar sna dánta faoi

Cynthia. Feictear pian an scartha agus an chaillteanais in *Cynthia is Dead*, éad sa dán *Gone to Clitumnus* agus fíorshearbhas i leith a iar-chailín in *Gone*. Tá atmaisféar an fhoréigin agus na mí-úsáide fisiciúil le brath ar *Cynthia*, fiú. Chomh maith leis sin, braitear nach fada uainn riamh an bás. Fiú amháin ina chuid dánta faoi ghrá go ginearálta, tá an tuin níos dáiríre agus níos troime ná mar atá ag Óivid (*Love and Peace and the God of Love*). Ina thuairimse, is dream iad na mná, agus Cynthia go háirithe, atá riachtanach ach a chéasfadh thú ag an am céanna.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iii)

Is iad Aortha Horáit atá sna trí dhán seo. Tá siad níos éadroime agus níos réchúisí ná a chuid dánta eile. Is cinnte go bhfuil greann Horáit le feiceáil iontu. Sa dán *The Town Mouse and the Country Mouse*, i dtosach, insíonn Horáit scéal luiche tuaithe atá ag ullmhú roimh chuairt a charad ghalánta uirbigh. Feiceann muid radharc greannmhar de luch bheag ag cur roinnt bagún leath-ite agus rísín amháin ar leataobh mar shólaiste speisialta dá chuairteoir. Ní théann sé sin i bhfeidhm ar an luch chathrach beag ná mór ar ndóigh agus déanann sé iarracht a chur ina luí ar a chara gur fearr i bhfad saol na cathrach. Feiceann muid radharc greannmhar eile ansin den luch chathrach ag dul thart ar nós freastalaí, ag blaiseadh den bhruscar bia ar fad atá fágtha tar éis féasta agus é an-sásta leis féin. Ach tá costas le híoc as an saol galánta seo, scanraíonn tafann na maistíní an luch thuaithe agus téann sé ar ais chuig a theachín beag simplí, áit a bhfanfaidh sé go sásta. Is greann lách, cuibhiúil agus simplí atá anseo.

Feictear greann tráthúil Horáit in *Journey to Brundisium*, agus é go minic ag spochadh as féin. Déanann sé cur síos chomh maith ar radhairc ghreannmhara mar shampla an bheirt fhear óltach ar an mbáirse, an mhiúil nach mbogann an bád an oíche ar fad agus an chistin ag dul trí thine. Arís is scéalta greannmhara iad seo a insítear i stíl shimplí agus chluthar. Ach bíonn sé ag spochadh as a chuid lochtanna féin freisin. D'fhear a dhearbhaíonn an chion atá aige ar an tuath i roinnt mhaith dá dhánta, bíonn sé ag gearán faoi na froganna agus faoi na corrmhíolta á choinneáil ina shuí san oíche, bíonn an ghráin aige ar an mbia a fhaigheann sé in go leor de na háiteanna a dtugann sé cuairt orthu agus bíonn cuma thar a bheith cáiréiseach air go ginearálta. Bíonn sé ag magadh faoi na logainmneacha i gcuid de na háiteanna a dtéann sé tríothu chomh maith. Is duine cathrach é Horáit agus ní fheileann sé dó a bheith ag maireachtáil ar an mbeagán, ach tá sé in ann a bheith ag gáire faoina cháiréis féin.

Déanann Horáit cur síos gairid ach an-soiléir dúinn sa dán *The Bore* ar an uair a casadh air an *Bore* a n-ainmnítear an dán ina dhiaidh. Is insint ghreannmhar atá ann i bhfoirm comhrá. Cuireann sé postúlacht agus iarratacht an *bore* in iúl ar bhealach cliste. Bíonn sé ag maíomh as a chumas scríbhneoireachta (an-sciobtha) agus as an mbua atá aige sa damhsa, ach fiú nuair a thuigeann sé go bhfuil Horáit ag iarraidh éalú uaidh, ní stopfaidh sé. Déanann Horáit comparáid idir é féin agus asal doicheallach a bhfuil ualach trom á iompar aige. Tugann na

cluasa cromtha íomhá ghreannmhar dúinn dá smutaireacht. Tá sé in éad lena chara Bolanus chomh maith atá an-teasaí agus a déarfadh leis an *bore* imeacht leis. Tá sé seo barrúil ó thaobh an chuir síos ar an *bore* uafásach agus ar Horáit féin, atá an-doicheadlach ach nach bhfuil in ann a bheith mímhúinte. Críochnaíonn sé le líne bharúil ina nglacann Horáit leis go bhfuil an *bore* tar éis gach duine eile a mharú le leadrán agus go mbeadh sé chomh maith aige féin Horáit a mharú anois freisin.

Tá greann Horáit sothuigte agus simplí. Tá sé dírithe ar dhaoine eile ach air féin chomh maith agus is minic gur greann croíúil agus críonna é, mar atá a phearsantacht féin is dóigh.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iv)

(a) Bhí anacair ar Romalas agus ar a chomh-Rómhánaigh. Bhí stát nua na Róimhe bunaithe acu, ach ní raibh aon mhná acu le cinntiú go mairfeadh an náisiún sa todhchaí. Ní aontódh aon stát comharsanach conradh pósta leis an Róimh, mar sin, bheartaigh Romalas go mbeadh orthu triail a bhaint as straitéis níos dána. Sheol sé cuirí chuig treibheanna in aice láimhe le haghaidh féile reiligiúnach in onóir Neiptiúin. Tháinig na Saibínigh i gcuideachta a dteaghlach. Ar chomhartha, ghabh na Rómhánaigh na maighdeana Saibíneacha agus d'iompair leo iad agus chuaigh a dtuismitheoirí ar a dteitheadh. Bhí cuid acu roghnaithe cheana ag seanadóirí agus fuadaíodh cuid acu láithreach. Agus iad ag imeacht, bhí na tuismitheoirí buartha faoina gcuid iníonacha a fuadaíodh.

Cuntas comhleanúnach ar an eachtra. (10, 10, 10.)

(30 marc)

(b) Mhínigh Romalas do na mná gurb é an t-aon fháth amháin ar gabhadh iad ná gur dhiúltaigh a dtuismitheoirí go míréasúnta do na tairiscintí pósta. Gheall sé pósadh agus páistí dóibh. Chuir sé ar a suaimhneas iad go dtabharfaí grá breise dóibh agus go mbeadh meas breise orthu toisc gur ghabh na fir iad le teasghrá. Chuir sé ina luí orthu freisin go mbeadh rún daingean ag a bhfir chéile béal bán a thabhairt dóibh mar chúiteamh ar na bailte agus na teaghlaigh a chaill siad. Is féidir le iarrthóirí a rá gur cosúil go gceapann Livias gur plean iontach é seo le tacú lena gcuid tuairimí. Tá sé sásta leis agus, le dearcadh comhaimseartha, tá cuma thar a bheith gnéasaíoch ar laige na mban Saibíneach ar furasta dul i bhfeidhm orthu trí rá gur thit na Rómhánaigh i ngrá leo.

Dhá phointe le fianaise i bhfoirm tagairtí don téacs. (10, 10.)

(20 marc)

Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i)

(a) Gorgain, (Medusa). **Pointe amháin. (5)**

(5 mharc)

(b) An Luath-Ré Ársa (660-580 R.Ch.) **Aon phointe amháin. (5)**

(5 mharc)

(c) Taispeánann roinnt gnéithe gur dealbh tipiciúil de chuid na ré é seo. Ar dtús, tá an comhdhéanamh i gcruth triantánach na peidiméide an-scaipthe. Tá a beirt mhac ar an dá thaobh den ghorgain mhór mhillteach sa lár agus in aice leo sin tá dhá chat mhóra (leoin nó

pantair nó liopaird) agus tá dhá radharc catha sna cúinní. Éiríonn na fíoracha níos lú in uillinn na peidiméide agus níl siad de réir scála. Níl aon chomhordú ná nasc idir na fíoracha sa radharc. Tá nádúr stílithe na bhfíoracha tipiciúil den luath-ré ársa chomh maith. Níl cuma an-réalaíoch orthu, ach tá siad inaitheanta. Tá Medusa i staidiúir reatha atá tipiciúil den ré a thaispeánann í le glúin amháin ar an talamh agus an ceann eile san aer. Tá a cabhail, a cloigeann agus a cuid lámh le feiceáil i dtreo an tosaigh, ach tá a cosa i bpróifíl - staidiúir nach bhfuil réalaíoch. Tá a cuid gruaige an-stílithe chomh maith, is sraith patrún atá ann seachas gruaig nádúrtha. Gné eile atá tipiciúil den ré sin is ea nach bhfuil mórán doimhneachta ná peirspictíocht sa radharc, tá sé sách réidh.

Trí ghné atá tipiciúil den tréimhse mínithe. (10, 10, 10.)

(30 marc)

(d) Tá an staidiúir reatha anseo cosúil le rud a d'fheicfeá i ndrochlíníocht. Níl sé réalaíoch agus ní móide go bhféadfaí é a dhéanamh i bhfírinne. Léiríonn sé gluaiseacht agus fuinneamh, áfach, rud atá an-éifeachtach.

Pointe amháin míniúcháin. (10)

(10 marc)

(ii)

(a) An amharclann in Eipeadáras. **Pointe amháin. (5)**

(5 mharc)

(b) **a**, skene; **b**, parodoi; **c**, oirceastra; **d**, kerkides; **e**, diazoma.

Cúig ghné. (3, 3, 3, 3, 3.)

(15 mharc)

(c) Tá an amharclann deartha go maith dá cuspóir. D'fhéadfadh thart ar 14,000 duine dul isteach ann agus bhí oirceastra inti le haltóir sa lár. Tá *theatron* nó ionad amhairc mór millteach inti, tógtha ar fhána cnoic ionas go mbeadh radharc soiléir ag gach duine ar an oirceastra agus ar an ardán. Bhí an t-ardán thuas in airde (arís le go mbeadh radharc ag gach duine air). Bhí dhá bhealach isteach sa *paradoi*, ceann don lucht féachana agus ceann do na haisteoirí agus don chóir. Chuidigh cruth na méise go mór le caighdeán fuaime na léirithe. Ó thaobh an ionaid amhairc de, bhí rochtain éasca ar na suíocháin de bharr go raibh an *diazoma* roinnte in dhá leibhéal agus mar gheall ar na rannóga nó na *kerkides*. Bhí spás thíos faoi na suíocháin ionas go bhféadfadh daoine a gcuid cos a tharraingt isteach agus daoine eile ag siúl tharstu. Tá claonas beag i ngach suíochán cloiche ionas go suífeadh an breathnóir siar ann. San iomlán, bheadh ardchaighdeán radhairc agus fuaime i gceist leis an léiriúchán (úsáidtear an amharclann fós sa lá atá inniu ann do léirithe agus oibríonn sé go hiontach). Chomh maith leis sin, tá bealach isteach agus amach fós ann do líon ard daoine. Is léiriú é ar chomh maith is a bhí an dearadh sin dá chuspóir go gcloíonn amharclanna an lae inniu leis an dearadh céanna, a bheag nó a mhór.

Cúiseanna le bheith bunaithe ar eolas cuimsitheach ar an struchtúr.

(10, 10, 10.)

(30 marc)

(iii)

- (a) Is *skyphos* é seo, cineál cupán óil a bhí ann.

Dhá phointe. (5, 5.)

(10 marc)

- (b) Tagann sé ó thearmann Kabeiroi gar don Téibh.

Pointe amháin. (10)

(10 marc)

- (c) Feictear sa mhaisiúchán, i ndath dubh ar chúlra geal terracotta, íomhá ghreannmhar d'Odaiseas agus Circe. Tá sé ar nós cartúin nó scigphictiúr de scéal an laoich agus an asarlaí ag casadh ar a chéile. Tá sé an-soiléir agus simplí. Tá cuma an fhir bhig ghreannmhair ar Odaiseas, le caipín agus bolg mór, seachas cuma an laoich. Tá cuma fhiáin ar Circe agus í ag meascadh a cuid posóidí i bpota. Tá íomhá shoiléir de sheol in aice léi. Tá na fíoracha an-simplí, ach thar a bheith beoga agus úr chomh maith.

Cur síos achomair. (7, 7, 6.)

(20 marc)

- (d) D'úsáidtí an teicnócht seo a leanas le vásaí le fíoracha dubha a dhéanamh: Dhéantaí an maisiúchán nuair a bhíodh an chré cru. Chlúdaíí an dromchla le leachtbhrat tanaí déanta de chré pheiptísithe chaolaithe a d'fhágadh dath snasta saghas dearg air tar éis bÁCála. Ar ábhar le fíoracha dubha, phéinteáiltí an t-ábhar dearaidh mar shnáthchruth dubh ar chúlra cré deirge gile le mionobair ghreanta agus dathanna bána agus dearga dorchá mar dhathanna breise ag gabháil leis an dubh - bán den chuid is mó do chraiceann na mban agus do ghruaig agus d'fhéasóga seanfhear, dearg go hiondúil do mhoingeanna capall agus do chodanna d'éadaí.

Cur síos achomair. (8, 7.)

(15 mharc)

(iv)

- (a) Is kore é an chéad dealbh agus is cairiaitid an dara ceann.

Dhá phointe. (5,5.)

(10 marc)

- (b) Is ón luath-ré ársa (660-580 RCh) an kore agus is ón ré ard chlasaiceach (450-400 RCh) an chairiaitid.

(10 marc)

- (c) Tá go leor athruithe tarlaithe idir an dá dhealbh. Is dealbh thar a bheith stílithe, foirmiúil agus righin an chéad cheann. Tá a cloigeann, a cosa agus a lámh as miosúr leis an gcuid eile dá corp. Tá miongháire ársa uirthi atá tipiciúil den ré seo agus tá a súil agus a mala léirithe go dona agus réidh. Tá a staidiúir an-socair agus níl a cuid éadaí an-réalaíoch. Níl cuma sho-aitheanta bhaineann ar a colainn. Tá cruth a colainne an-simplí agus ní léiríonn dul a sciorta go bhfuil aon chosa thíos faoi. Chomh maith leis sin, tá patrún geoiméadrach ar a sciorta gan aon léiriú ar cholainn a bheith thíos faoin éadach. Tá lámh mhór stílithe uirthi agus laidhricíní cearnógacha ar a cuid cos. Tá a cuid gruaige an-stílithe chomh maith, le patrún seachas gruaig nádúrtha, mar a fheictear sa tsraith cearnóg. Tá an chairiaitid ón Erechtheion ar an Acropolis Aithneach an-éagsúil. Ar dtús, tá an chomhréir gan locht agus tá cuma réalaíoch ar a colainn. Titeann a cuid éadaí i bhfillte áille timpeall a coirp agus (mar atá

tipiciúil den tréimhse) léiríonn sé go leor den cholainn thíos faoi. Tá sí i staidiúir scaoilte agus neamhshiméadrach, murab ionann agus *kore* Auxerre a sheasann go righin. Tá a cuid meáchain á iompar ag cos amháin, agus tá an chos eile réidh (contrapposto). Tá a cuid gruaige bailithe le chéile i dtrilseán tiubh, le ribíní réalaiócha gruaige ag titim ar a guaillí. Cé nach bhfuil aon dreach faoi leith ar a haghaidh, tá sé níos cuartha agus níos nádúrtha ná aghaidh an *kore* ársa, atá níos cosúla le cartún.

Dhá phointe ar gach aon cheann den dá dhealbh. (8, 7 + 8, 7.)

(30 marc)

Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i)

(a) Tá captaen loinge níos mó agus níos láidre ná aon bhall criú. Tá sé rud beag bodhar agus gairid sa radharc, áfach, agus ní hé an bádóir is fearr. Tá baill an chriú ag troid ina measc féin maidir leis an gcaoi ar chóir an long a stiúradh. Ceapann gach duine acu gur chóir dó féin a bheith i bhfeighil na stiúrach, ach níl ceird na loingseoireachta foghlamtha ag aon duine acu. Go deimhin, maíonn siad nach féidir í a mhúineadh agus tá siad réidh le haon duine atá ar a mhalairt de thuairim a mharú. Caitheann siad a gcuid ama uile timpeall ar an gcaptaen, ag iarraidh air cúram stiúir na loinge a bhronnadh orthu.

Má bhíonn grúpa amháin níos rathúla ná grúpa eile, d'fhéadfadh an freasúra iad a mharú agus a gcoirp a chaitheamh i bhfarraige. Tar éis an captaen a dhíchumasú le deochanna nó le drugaí nó ar bhealach éigin eile, glacann siad seilbh ar an long, déanann siad a gcuid féin dá bhfuil ar bord agus iompaíonn an turas isteach ina shaoire. Measann siad go bhfuil an captaen go hiomlán gan mhaith.

Cuireann Sócratéas a cháineadh ar na sofaistí in iúl le fáthscéal fir atá i gceannas ar ainmhí mór. Trí staidéar a dhéanamh ar a chuid giúmar agus riachtanas, foghlaimíonn sé cén uair is féidir dul i ngar dó agus é a láimhseáil.

Foghlaimíonn sé cén uair agus cén fáth a mbíonn sé an-fhiáin nó an-lách, céard is brí leis na fuaimeanna éagsúla a dhéanann sé, agus cén guth le húsáid lena chur ar a shuaimhneas nó le cur isteach air. Foghlaimíonn sé trí thaithí a fháil ar an ainmhí agus aithne a chur air. D'fhéadfadh sé a rá ansin gur eolaíocht atá ann, córas a dhéanamh de agus é a mhúineadh. Mar sin féin, ní bheadh a fhios aige ná ní fhiosródh sé cé na tola agus na mianta de chuid an ainmhí a bhí le moladh nó náireach, go maith nó go dona, ceart nó mícheart. Ní dhéanadh sé ach na rudaí a thaitin leis a aithint mar 'go maith' agus na rudaí a chuir isteach air a aithint mar 'go dona'. Is é aisfhreagairt an ainmhí a d'inseodh dó céard a bhí ceart agus mícheart agus d'fhanadh sé aineolach ar an bhfíor-dhifríocht idir an dá rud. Ceapann Sócratéas gur múinteoir aisteach a bheadh ann.

Achoimre chomhleanúnach ar gach fáthscéal. (15 agus 15.)

(30 marc)

(b) Is cáineadh láidir ar an daonlathas atá sa chéad fháthscéal, bunaithe ar an gcaoi nach féidir a bheith muiníneach as tromlach na ndaoine. Ba mhaith le Platón go bhfoghlaimis ón gcéad fháthscéal go bhfuil an long stáit luachmhar agus gur cheart go mbeadh an duine ceart á stiúradh. Níl eolas dá laghad ag an drong faoina bhfuil i gceist le stiúradh na loinge agus tá locht ar a mbreithiúnas siúd ar cé ba cheart a bheith á stiúradh. I bhfocail eile, ní fheiceann siad luach na bhfealsúna. Níl go leor eolais ag gnáthdhaoine faoi chúrsaí stáit lena fheiceáil cad is gá a dhéanamh. Sa dara fáthscéal, is é an teachtaireacht ná nach gá go bhfuil a fhios ag an tromlach céard é an rud is fearr dóibh agus mar sin teastaíonn treoir uathu ó dhaoine críonna. Caithfear an t-ainmhí mór, cumhachtach a choinneáil faoi smacht mar gheall ar an damáiste is féidir leis a dhéanamh. Léiríonn sé nach maith le Sócratéis na sofaistí a thug isteach oideachas ginearálta bunaithe ar reitric agus ar fhéinléiriú. Is rabhadh é seo faoi na bearta atá coitianta ach nach bhfuil ar son an leasa choitinn a tharlaíonn uaireanta nuair a théitear thar fóir le daonlathas. Déantar iarracht sa dá fháthscéal laige an daonlathais a léiriú.

Míniúchán achomair ar an dá fháthscéal. (10, 10.)

(20 marc)

(ii)

Ar an gcéad dul síos, ba chóir do iarrthóirí a thabhairt faoi deara an dílseacht thar cuimse a bhí ag Díón óg do Phlatón agus dá smaointe fealsúnachta agus an fonn a bhí air iad a chleachtadh ina Shioracús dúchasach. D'fhéadfaidís cás a dhéanamh den dá argóint cé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon sé iad. Go deimhin, thriail Díón déanamh de réir fhealsúnacht Phlatón ar go leor bealaí: Rinne sé gach iarracht cur ina luí ar Dhinísias I agus ar Dhinísias II rialú de réir phrionsabail Phlatóin; Ní raibh uaidh ach an rud ab fhearr dá chathair agus dá daoine agus nuair a d'éirigh leis filleadh mar cheannaire go Sioracús, sheachain sé aon chineál tíorántachta agus rinne sé iarracht rialú go críonna in ainneoin ruais uafásach mhuintir Shioracús agus an droch-chaoi ar chaith siad leis; Chuir sé a oiliúint fhealsúnachta i bhfeidhm "ag sárú feirge, éada agus spiorad na hiomaíochta," agus thug sé maithiúnas do Heraclides; Mhair sé saol uasal baileach (beagnach mar a d'ordaigh Platón in *The Republic*). Rinne sé a dhícheall, ach an t-aon cháineadh atá ag Platón (agus ag Plútarc) ar Díón ná a spiorad uaisleachta stóinsithe. Chaith sé saol stuama ach ba dhuine ceartaiseach a bhí ann agus ní raibh drogall air a rá nár thaitin iompar scaoilte daoine eile leis, rud a chuir daoine ina aghaidh go héasca. Chreid sé gur fearr é ná an chuid is mó de dhaoine agus bhí sé thar a bheith cáinteach. Ní raibh sé in ann ag comhréiteach.

Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.

(50 marc)

(iii)

(a) Is féidir le hiarrthóirí nasc a dhéanamh idir an tsochaí shibhialta agus an tsochaí phrimitibheach agus an chaoi a dtarlaíonn cogadh mar thoradh ar riachtanas talún a mhíniú ansin.

Míníonn Sócratéis go bhfuil an uile dhuine spleách; níl duine ar bith againn in ann a dhóthain féin a tháirgeadh. Dá bhrí sin, is rud ciallmhar dúinn dul i ngrúpaí agus leas a bhaint as ár n-inniúlacht phearsanta féin ar mhaithe le leas an phobail. Go bunúsach, deir sé nár

cheart go mbeadh ach cúpla cineál oibrí ann: feirmeoir, gréasaí, fíodóir, tógálaí agus b'fhéidir cúpla ceann eile. Is é an leas coiteann is tábhachtaí, gach duine ag tabhairt faoin tasc is mó a fheileann dó. Maíonn Sócraitéas go leanaimid orainn, go tipiciúil, agus go gcuirimid feabhas ar ár gcaighdeán d'fhonn earraí níos galánta, níos sómhaire a chur san áireamh (bia, troscán, cumhrán ...etc.). Mar gheall air seo, cruthaítear stáit chathrach níos mó, pobail níos mó agus bíonn gá le níos mó talún, a bhfuil anois sealgairí, iascairí, ealaíontóirí, filí agus go leor eile, muicthe san áireamh, ag cónaí uirthi. Deir sé ansin, mar gheall ar fhás stát cathrach mór, go bhfuil níos mó éilimh ar bhia agus ar earraí eile agus, dá bhrí sin, call le níos mó talún i gcomhair féarach. Is le comharsa an talamh seo a dteastaíonn uaidh í a choinneáil, agus mar sin caithfear troid ar a son. Deir sé chomh maith nach féidir troideanna le pobail eile in aice láimhe ar mhaithe le trádáil a sheachaint. Tá cogaíocht cinnte, mar sin, agus tá gá le hairm dá bharr.

Trí phointe míniúcháin. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(b) Mar fhreagra ar cheist Adeimantus faoin gcaoi ar féidir le stát bocht dul i mbun troda, go háirithe i gcogadh in aghaidh namhad mhóir shaibhir, tugann Sócraitéas sampla de dhornálaí ardoilte atá in ann beirt chéilí chomhraic nach dornálaithe iad, ach atá saibhir agus ramhar, a bhualadh go héasca. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh a Shaighdiúirí Cúntacha in ann do dhá nó trí oiread a lín féin. Straitéis chliste i gcogadh in éadan dhá stát ná toscairí a chur chuig ceann díobh, agus an t-ór agus an t-airgead ar fad atá ag an gceann eile a thairiscint dó ina chúiteamh ar chomhaontas míleata in éadan an tríú stáit. Éilíonn Sócraitéas go mb'fhéarr le stát ar bith a chloiseann tairiscint dá leithéid troid i gcuideachta le gadhair fhaire láidre Shócraitéis in éadan caoirigh raimhre lácha. Tá réiteach ag an bhfealsamh chomh maith ar an bhfadhb a thiocfadh chun cinn dá gcuirfeadh an dá stát eile a n-acmhainní le chéile in éadan a chuidsean. Tá muinín aige go bhfuil gach seans nach dtarlódh sin toisc nach bhfuil aontas inmheánach ag stát ar bith eile. Beidh dhá grúpa freasúracha ar a laghad acu ar fad, lucht an rachmais agus na boicht. Trí cheann amháin díobh a chur in aghaidh an chinn eile, tá muinín ag Sócraitéas go mbeidh a lán comhghuaillithe ag a stát agus nach mbeidh mórán naimhde aige. Teastaíonn míniú comhleanúnach ar theoiric Shócraitéas le trí ghné dá argóint.

Trí phointe míniúcháin. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(c) D'fhéadfadh na hiarrthóití aontú nó easaontú leis an gceist a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá dtuairimí trí thagairt a dhéanamh don téacs agus trí argóint réasúnta amháin ar a laghad a thabhairt.

Cúis amháin le fianaise i bhfoirm tagairt don ábhar dualgais. (10)

(10 marc)

(iv)

(a) Leagann Sócraitéas rialacha amach a rá go gcaithfidh an ceol a théann le hamhrán a bheith feiliúnach. Tá trí ghné i gceist le hamhrán - focail, mód agus rithim. Caithfear cloí leis na rialacha céanna a gcloítear leo i gcás focal nach gcuirtear le ceol iad.

Diúltófar don Lidiach agus don Mhór-Lidiach a fheileann do chaointeoireacht. Níl aon mhaith iontu do mhná, más mná measúla iad, gan trácht ar fhir. Diúltófar chomh maith don mhód

Lidiach agus don mhód lónach, a gcuirtear síos orthu mar mhall go minic, agus dóibh siúd a úsáidtear d'amhráin ólacháin.

Is iad na móid amháin is inghlactha an mód Dórach agus an mód Frigiach – ceann acu dian, an ceann eile taitneamhach. Tabharfaidh an chéad mhód (an ceann dian) léiriú cuí ar ghlór agus ar bhlas cainte an fhir chróga atá i mbun seirbhís mhíleata nó atá ag tabhairt faoi ghaisce contúirteach éigin eile ina bhfuil sé i mbaol díobhála, báis nó aon mhí-áidh eile lena ngabhann an tseasmhacht bhuanseasmhach chéanna. Tabharfaidh an dara mód (an ceann taitneamhach) léiriú air in aimsir na síochána agus é i mbun gnáthchúraimí an tsaoil dá dheoin féin – é ag cur ina luí ar dhuine éigin iarratas a cheadú, ag guí chun dé, ag cáineadh comharsan, ag géilleadh do dhaoine eile maidir lena n-iarratais agus a dtreoracha agus an méid a chuireann siad ina luí airsean; agus trí na rudaí sin ar fad ní bheidh aon chonsaet air, ach beidh measarthacht agus gnáthchiall aige agus toil leis glacadh lena bhfuil i ndán dó. Is éard a chuireann an dá mhód in iúl an misneach agus an mheasarthacht in aimsir an áidh agus an mhí-áidh.

Níl aon ghá ag Sócraitéas le rithimí comhcheangailte casta ná éagsúla, níl de dhíth air ach iad siúd a oireann do shaol an mhisnigh agus an smachta. Cuirfear an rithim agus an tiúin in oiriúint do na focail. I dtaca leis na ceithre ghné as a ndéantar na móid, moltar comhairle Damon a lorg.

Trí phointe. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(b) Ar an gcéad dul síos, caithfidh an mód agus an rithim a bheith in oiriúint do na focail. Mar sin, ní mór tuirimh agus caointe sa mhód Lidiach Measctha agus sa mhód Fíor-Lidiach a dhiúltú agus níor cheart go mbainfeadh mná measúla, gan trácht ar fhir, úsáid astu.

Ar an dara dul síos, toisc nach mbeadh sé sásúil in aon chor Gardaí a bheith bog, díomhaoín ná ar meisce, caithfear cúl a thabhairt leis na móid lónacha agus na móid shuaimhneacha Lidiacha a úsáidtear in amhráin ólacháin, mar níl aon leas le baint astu agus saighdiúirí á n-oiliúint.

Is féidir le hiarrthóirí a lua chomh maith nach dteastaíonn, dá bharr sin, ach an lir agus an cithara sa chathair.

Míniú ar dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

(c) Beidh ar iarrthóirí tuairimí, le tacaíocht i bhfianaise tagairtí don téacs, a thabhairt ar dhearcthaí an fhealsúnaí.

Dhá dhearcadh le plé. (8, 7.)

(15 mharc)

Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i)

(a) **c**, an fóram; **d**, Folcadáin Chonstaintín; **e**, amfaitéatar; **g**, pálás Chonstaintín agus **k**, Folcadáin Barbara. **Cúig ghné. (3, 3, 3, 3, 3.)** **(15 mharc)**

(b) Fiú ón léarscáil, is féidir a aithint gur baile breá a bhí in Trier le roinnt struchtúr mórthaibhseach. Ba é príomhbhaile na Gaille é don chuid is mó de thréimhse rialaithe na Rómhánach. Bhí sé lonnaithe san áit a dtagann na haibhneacha Moselle agus Altbach le chéile, mar sin is in áit straitéiseach a bhí sé. Sular aistrigh na Rómhánaigh isteach bhíodh treabh cumhachtach ina gcónaí ann ar a dtugtaí Treveri. Le linn réimeas Chláidias, tugadh stádas coilíneach dó agus bhí cur síos déanta air cheana féin ag scríbhneoir comhaimseartha mar chathair an-saibhir. Bhí fóram breá (c) le stua-raí bogthacha ann, baisleac agus teach comhairle. Bhí insulae dronuilleogacha ann de leithid éagsúla. Ar bhrúach an Altbach bhí ceathrú na dteampall agus ba é an cineál ba choitianta ná an rud ar a dtugtaí teampall Rómh-Cheilteach le scrín chearnógach timpeallaithe ar na ceithre thaobh ag póirseáid nó vearanda. Tugann folcadáin bhreátha Chonstaintín lena mbríceadóireacht álainn agus folcadáin mhóra Barbara le fios, an oiread leis an amfaitéatar a choinneodh 7,000 duine, gur cathair shaibhir shofaisticiúil a bhí inti. I measc na bhfoirgneamh eile a léiríonn gur cathair shaibhir thábhachtach a bhí inti tá teach mór an Impire Victorinus agus pálás Chonstaintín a bhíodh ina chónaí ansin. Is geata mór cosantach é an Porta Nigra a léiríonn saibhreas na cathrach. Chomh maith leis sin, léiríonn an Aula Palatina, nó halla lucht féachana, iontach cé chomh tábhachtach agus a bhí an chathair. Gar do na haibhneacha bhí dhá *horrea* nó thrádstóras mhóra, a léiríonn go mbíodh go leor trádála ag tarlú. Ar deireadh, deirtear go raibh sorcas mór millteach ann a bhí inchurtha leis an Circus Maximus sa Róimh. Beidh ar iarrthóirí réimse samplaí ón liosta thuas a thabhairt a léireoidh an t-eolas atá acu ar Trier.

Ceithre phíosa fianaise sonraí (7, 6, 6, 6.) **(25 mharc)**

(c) Is séipéal anois atá san Aula Palatina, nó halla lucht féachana, agus deirtear gur aistríodh isteach ina shéipéal é i 326 AD. Is halla mór é gan aon phasáiste atá chomhdhéanta den phríomh-mheánlann amháin. Tá cúlbhá os comhair an bhealaigh isteach. Tá sé 220 troigh ar fad agus 106 troigh ar airde. Dhéantaí é a théamh le hipeacóist nó córas teasa faoin urlár ar a raibh múcháin bhallaí a d'oscailtí tríd na ballaí lasmuigh ar leibhéal na bhfuinneog íochtarach. Bhí balcóin ar na fuinneoga. Bhí mósáicí ar na hurláir agus freascónna ar na ballaí. Bhí cúirt le colúnraí ar an mbealach isteach.

Cur síos comhleanúnach. (4, 3, 3.) **(10 marc)**

(ii)

(a) Is mórshiúl chaithréimeach sa Róimh tar éis do Titus an ceann ab fhearr a fháil ar na Giúdaigh an t-imeacht a thaispeántar anseo. Tá sé le feiceáil ar áirse Titus sa Róimh.

Dhá phointe (5, 5.) **(10 marc)**

(b) Is é an coinneoir Giúdach nó meanóra atá á iompar ag saighdiúirí na Róimhe pointe fócais an radhairc seo. Taispeántar chomh maith an bord a bhfuil an meanóra air agus na trumpaí airgid naofa a goideadh ón teampall naofa in Iarúsailéim. Tá póstaeir á n-iompar ag saighdiúirí eile a insíonn don slua cé na hearraí a goideadh. Tagann an mórshiúl i dtreo an bhreathnóra sula dtéann sé i dtreo na háirse caithréimí a bhfuil cuid de le feiceáil i bhfad uainn.

Cur síos achomair a léiríonn eolas ar na gnéithe den radharc. (4, 3, 3.) (10 marc)

(c) Tugann úsáid rilífe ísle agus airde an dealbhóra peirspictíocht agus doimhneacht iontach don phainéal. Tá rilíf éadomhain na háirse i gcodarsnacht dheas le rilíf ard an chéad ró saighdiúirí agus an choinneora a sheasann amach. Tugann na leibhéil éagsúla rilífe le fios go bhfuil an mórshiúl ag teacht i dtreo an bhreathnóra sula dtéann sé i dtreo na háirse caithréimí a bhfuil cuid de le feiceáil i bhfad uainn. Tá rilíf ard ar chuid den éadach, rud a thugann le fios go bhfuil sé níos gaire dúinn, agus tá cuid de chloigne na saighdiúirí éadomhain agus an chuma orthu go bhfuil siad níos faide uainn.

Dhá phointe forbartha go gairid. (8, 7.) (15 mharc)

(d) Ag baint úsáide as rilíf íseal agus ard, cruthaíonn an dealbhóir spás agus doimhneacht sa phainéal seo. Is cinnte go bhfuil an chuma air go bhfuil an mórshiúl ag teacht ó pháras fada uainn agus ag imeacht arís isteach sa chúla. Ag cur leis an éifeacht seo, tá go leor spáis os cionn chloigne na bhfíoraí (murab ionann agus fríosanna an Ara Pacis). Níl oibríonn an peirspictíocht baileach chomh maith céanna leis an áirse ar dheis atá “nach mór ceart.” Mar sin féin, tá ciall leis an méid a deir Wheeler nuair a bhreathnaíonn muid ar charbad Titus atá casta ar bhealach mínádúrtha lena chur os comhair an bhreathnóra. Tá iontas ar an údar nach bhfuair na Rómhánaigh tuiscint iomlán ar rialacha na peirspictíochta riamh, ná nach ndearna siad iarracht an tuiscint sin a fháil.

Dhá phointe forbartha go gairid. (8, 7.) (15 mharc)

(iii)

(a) Is leathchiorcal, dúnta isteach gan aon díon buan, a bhí san amharclann Rómhánach in Orange. Bhí an t-ardán ní ba leithne agus ní ba dhoimhne ná an cineál a bhíodh ag na Gréagaigh agus d’fhéadfadh díon buan a bheith air. Tá an t-oirceastr leathchiorclach ina gcuirtí suíocháin soghluaiste d’oifigh díreach os comhair an ardáin. Is struchtúr ard móthaibhseach an scaenae frons / cúlra an ardáin a bhí maisithe le háirsí, le colúin agus le dealbha i gcuasáin. Bhí trí bhealach isteach go dtí an t-ardán tríd an mballa seo agus ceann eile ar an dá thaobh.

Tá cavea/halla cuartha ag an amharclann, comhdhéanta de shraitheanna suíochán roinnte ina gcodanna ina suífeadh aicmí éagsúla na sochaí. Bhíodh balla cúil an cavea/halla ceangailte leis an scaenae frons/le cúlra an ardáin le fillteacha cliathánacha. Chuirte in airde scáthbhrat canbháis (a cheanglaíte leis na coirbéil is dóigh) le scáth a chaitheamh ar an lucht féachana.

Cur síos comhleanúnach. (10, 10, 10.) (30 marc)

(b) Bhí gnáthdhearadh Rómhánach ar an amharclann in Orange. Tá balla cúil an halla ceangailte leis an scaenae frons le fillteacha cliathánacha/taobh-bhallaí. Ní raibh cead isteach chuig an amharclann ach trí na sainbhealaí isteach. Ba chóir d'iarrthóirí tagairt a dhéanamh do struchtúir Rómhánacha eile le béim a chur ar an treocht i dtreo spásanna dúnta. Mar shampla, glactar leis an bhfóram, leis an amfaitéatar agus leis an sorcas.

Pointe forbartha amháin (10.)

(10 marc)

(c) Chinntigh na sraitheanna suíochán go mbeadh radharc maith ag gach duine ar a raibh ag titim amach ar an ardán. Chuir cruth an cavea/halla (bunaithe ar an dearadh Gréagach) go mór leis an gcaighdeán fuaime. D'fhéadfaí go leor gluaiseachta a dhéanamh mar gheall ar mhéid an ardáin. Bhíothas in ann suíomhanna spreagúla a chur ar chúlra an ardáin (e.g. éadan pálás).

Dhá bhealach ina raibh dearadh maith ar an amharclann. (5, 5.)

(10 marc)

(iv)

(a) Tá an pictiúr seo sa cheathrú stíl. **Pointe amháin. (5.)**

(5 mharc)

(b) Is iad seo a leanas na gnéithe tipiciúla: an rómhaisiúlacht Bharócach, an stíl aerach, fheartaiseach ailtireachta atá an-chosúil le cúlra ardáin. Ba chosúil go raibh sé d'aidhm ag an stíl seomra a dhéanamh ní ba ghile agus ní b'oscailte le gnéithe fheartaiseacha ailtireachta ag imeacht as radharc sa chúlra. Tá gnéithe ar nós na ndeilfeanna, na masc amharclannaíochta, na gcapall eiltite agus na gcapall mara, chomh maith leis na colúin thanaí óraithe, na háirsí agus an peidiméid bhriste an-tipiciúil den stíl. Baineann na dathanna láidre buí, dearga agus gorma leis an stíl seo chomh maith. Dar le Wheeler gur léirigh sé cineál de "thír na sióg".

Trí ghné. (7, 7, 6.)

(20 marc)

(c) Is féidir go leor a fhoghlaim faoi spéiseanna na Rómhánach óna gcuid pictiúr. Bíonn radhairc mhiotaseolaíochta le feiceáil in go leor acu, rud a léiríonn go raibh spéis mhór acu i miotais na nGréagach (Capall Adhmaid na Traí agus Aichill Nochta). Is féidir glacadh leis chomh maith go raibh spéis acu in áilleacht an dúlra féin (e.g. Gairdín Livia) agus gur thaitin radhairc thipiciúla thuaithe leo. Faightear léargas ar a gcuid spéiseanna sna pictiúir áille d'ábhar neamhbheo a léiríonn go bhfaca siad áilleacht i ngnáth-earraí ar nós torthaí agus trealaimh tí. Léirítear sa stíl fheartaiseach a tháinig chun cinn ní ba dheireanaí (mar shampla sa phictiúr Herculaneum a thaispeántar) gur thaitin sé leo atmaisféar éalaithe, beagnach draíochtúil a bheith i gcuid dá sheomraí. Léirítear an spéis a bhí acu i gcluichí an aimfitéatair chomh maith ina gcuid pictiúr.

Raon spéiseanna. (9, 8, 8.)

(25 mharc)

Aguisín 1
An Ardteistiméireacht – Léann Clasaiceach – Ardleibhéal
Critéir scoite / briseadh síos ar an marcáil – ceisteanna
dioscúrsacha
> 30 marc

Gabháil	Gabháil don cheist 20 marc Forbairt e.g.	e.g. Tuiscint ar cheist, Fócas/dul i ngleic leis an gceist, Aidhm shoiléir, Caighdeán na smaointe, Ábharthacht an ábhair	40%
Forbairt	A mhéid agus a fhorbraítear smaointe	e.g. Doimhneacht na cóireála, Anailís ar na smaointe, Rogha na dtagairtí, Úsáid an ábhair thacaíochta/léiriúcháin, Ionramháil an ábhair, Cruinneas	40%
Meastóireacht Fhoriomlán	Caighdeán ginearálta an fhreagra	e.g. Leanúnachas an phlé, Struchtúr na hargóinte, Láidreacht na smaointe, Áititheacht fhoriomlán, Áititheach, Saothar cothaithe, Cuimsitheacht an fhreagra	20%

Marcanna atá le taispeáint ar an bpáipéar

G- ?/20

F- ?/20

MG -?/10

Iomlán-?/50

	Ualú	Marcanna as 50	Marcanna as 35	Marcanna as 30
Gabháil	40%	20	14	12
Forbairt	40%	20	14	12
Meastóireacht Fhoriomlán	20%	10	7	6

Leathanach Bán

